C/2026/3467

24.7.2026

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Fís Eorpach — an 10ú Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht

(C/2026/3467)

Rapóirtéir:	Anne BESNIER (FR/PSE), Leas-Uachtarán Réigiún Centre-Val de Loire
Doiciméid tagartha:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695 COM(2025) 543 Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le haghaidh na tréimhse 2028-2034, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh faoin gClár sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2021/764 COM(2025) 544

I. MOLTAÍ LE hAGHAIDH LEASUITHE

Leasú 1

Aithris 11

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Ba cheart do Mhisin an Aontais mar a chuirtear ar bun i Rialachán 2021/695 tionchar claochlaitheach agus sistéamach ar an tsochaí a chumasú, trí chomhar trasdisciplíneach, trasearnála, trasbheartais ***agus*** trasteorann a chothú. Ba cheart iad a bheith ag brath ar thaighde agus nuálaíocht chun forbairt a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí, na seirbhísí, na táirgí agus na nuálaíochtaí sóisialta ceannródaíocha is gá chun a gcuspóirí uaillmhianacha a bhaint amach. Dá réir sin, le Misin an Aontais ba cheart dlús a chur le forbairt, scálú agus cur in úsáid réiteach nuálach agus cuidiú le príomh-mhargaí a chruthú le haghaidh táirgí agus seirbhísí nua. Leis an gClár Réime ba cheart gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta na Misean a mhaoiniú, agus ba cheart an cur in úsáid agus an t-uas-scálú a sholáthar trí chláir eile de chuid an Aontais agus cistiú náisiúnta.	Ba cheart do Mhisin an Aontais mar a chuirtear ar bun i Rialachán 2021/695 tionchar claochlaitheach agus sistéamach ar an tsochaí a chumasú, trí chomhar trasdisciplíneach, trasearnála, trasbheartais***,*** trasteorann ***agus trasréigiúnach*** a chothú***, agus riachtanais shonracha na réigiún sléibhe, tuaithe agus oileánach, agus na réigiún forimeallach eile, á léiriú go hiomlán iontu***. Ba cheart iad a bheith ag brath ar thaighde agus nuálaíocht chun forbairt a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí, na seirbhísí, na táirgí agus na nuálaíochtaí sóisialta ceannródaíocha is gá chun a gcuspóirí uaillmhianacha a bhaint amach. Dá réir sin, le Misin an Aontais ba cheart dlús a chur le forbairt, scálú agus cur in úsáid réiteach nuálach agus cuidiú le príomh-mhargaí a chruthú le haghaidh táirgí agus seirbhísí nua. Leis an gClár Réime ba cheart gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta na Misean a mhaoiniú, agus ba cheart an cur in úsáid agus an t-uas-scálú a sholáthar trí chláir eile de chuid an Aontais agus cistiú náisiúnta. ***Ba cheart do na cathracha agus na réigiúin a bheith in ann gníomhú freisin mar phríomhthimpeallachtaí chun réitigh arna bhforbairt faoi Mhisin an Aontais a thástáil, a bhailíochtú agus a chur in úsáid ar mhórscála, lena n-áirítear trí threoirthionscadail agus fíordhálaí.***

Cúis

Ní mór sonraíochtaí gach sóirt réigiúin a chur san áireamh, ní hamháin na réigiúin trasteorann, ach na réigiúin mhuirí, shléibhtiúla agus tuilleadh eile nach iad chomh maith. Tríd an gcomhar trasréigiúnach a áirithiú go sainráite, cinnteofar nach ndéanfar infheistíochtaí sa nuálaíocht a dhíriú ar mhoil atá láidir cheana féin, agus orthu sin amháin, agus tabharfar aghaidh ar bhealach níos fearr ar imirce daoine oilte agus ar na míbhuntáistí struchtúracha sna réigiúin fhorimeallacha.

Leasú 2

Aithris 14

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Leis an gClár ba cheart naisc idir ollscoileanna agus éiceachórais nuálaíochta, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, a threisiú.	Leis an gClár ***Réime*** ba cheart ***na*** naisc idir ollscoileanna agus éiceachórais nuálaíochta, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, a threisiú***, mar aon leis na héiceachórais áitiúla agus réigiúnacha a nascadh le chéile***.

Cúis

Chuirfí dlús le forbairt nuálaíochtaí ach na héiceachórais réigiúnacha a nascadh le chéile. Ina fhianaise sin, ba cheart na naisc sin a éascú sa Chlár Réime.

Leasú 3

Aithris 15

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Ba cheart don Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) nuálaíocht domhainteicneolaíochta lena gcruthaítear margaí a spreagadh. Ba cheart di na nuálaíochtaí domhainteicneolaíochta sin a shainaithint, a fhorbairt agus a chur in úsáid trína cuid ionstraimí. Trí thacaíocht chomhleanúnach agus chuíchóirithe, ba cheart do CNE an folús i dtacaíocht phoiblí agus in infheistíocht phríobháideach le haghaidh teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta a líonadh. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag CNE turas an nuálaí ón taighde go dtí an margadh a nascadh, a chomhtháthú agus a luathú trína ionstraimí agus é a chur ar a chumas don Aontas cuideachtaí ceannródaíocha a bheith i réimsí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn chun a chuspóirí sóisialta agus eacnamaíocha a chomhlíonadh agus spleáchais ar réigiúin eile a sheachaint. Ba cheart do CNE tacú le nuálaíochtaí ardriosca ardacmhainneachta agus le cuideachtaí a bhfuil cibé rioscaí teicneolaíochta, eolaíochta, airgeadais, bainistíochta nó margaidh ag baint leo nach meastar iad a bheith go hiomlán iontaofa ó thaobh brabúis go fóill agus, dá bhrí sin, nach féidir leo an leibhéal infheistíochtaí is gá a ardú chun bheith iomaíoch go domhanda ón margadh.	Ba cheart don Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) nuálaíocht domhainteicneolaíochta lena gcruthaítear margaí a spreagadh. Ba cheart di na nuálaíochtaí domhainteicneolaíochta sin a shainaithint, a fhorbairt agus a chur in úsáid trína cuid ionstraimí. Trí thacaíocht chomhleanúnach agus chuíchóirithe, ba cheart do CNE an folús i dtacaíocht phoiblí agus in infheistíocht phríobháideach le haghaidh teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta a líonadh. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag CNE turas an nuálaí ón taighde go dtí an margadh a nascadh, a chomhtháthú agus a luathú trína ionstraimí***, agus trí na naisc idir ERC agus CNE a neartú,*** agus é a chur ar a chumas don Aontas cuideachtaí ceannródaíocha a bheith i réimsí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn chun a chuspóirí sóisialta agus eacnamaíocha a chomhlíonadh agus spleáchais ar réigiúin eile a sheachaint. Ba cheart do CNE tacú le nuálaíochtaí ardriosca ardacmhainneachta agus le cuideachtaí a bhfuil cibé rioscaí teicneolaíochta, eolaíochta, airgeadais, bainistíochta nó margaidh ag baint leo nach meastar iad a bheith go hiomlán iontaofa ó thaobh brabúis go fóill agus, dá bhrí sin, nach féidir leo an leibhéal infheistíochtaí is gá a ardú chun bheith iomaíoch go domhanda ón margadh.

Cúis

Is taighde den scoth an taighde atá déanta ag an gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC), agus ba cheart leas a bhaint as chun nuálaíocht a dhéanamh. Is gá nasc a chruthú leis na deiseanna arna gcur ar fáil ag an gComhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE), agus sin a dhéanamh sula dtiocfaidh deireadh le clár taighde ERC.

Leasú 4

Aithris 16

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Maidir le maoiniú uas-scálaithe domhainteicneolaíochta faoin gCiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú a fógraíodh sa Straitéis um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus	Maidir le maoiniú uas-scálaithe domhainteicneolaíochta faoin gCiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú a fógraíodh sa Straitéis um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Gnólachtaí atá ag Méadú, a bhí ann tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart é a dhéanamh faoi na téarmaí a comhaontaíodh in CAI 2021-2027. Ba cheart an maoiniú uas-scálaithe uile faoi CAI 2028-2034 a dhéanamh faoi CEI.	Gnólachtaí atá ag Méadú, a bhí ann tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart é a dhéanamh faoi na téarmaí a comhaontaíodh in CAI 2021-2027. Ba cheart an maoiniú uas-scálaithe uile faoi CAI 2028-2034 a dhéanamh faoi CEI. ***Sa chomhthéacs sin, ba cheart CnaR agus na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bheith rannpháirteach go cothrom agus go cuí i rialachas CEI, lena n-áirítear iad a chur ar an eolas roimh chinntí clársceidealaithe agus tionscnaimh nua atá le teacht. Áiritheofar leis an rannpháirtíocht sin go ndéanfar ionadaíocht chothrom ar na leibhéil chríochacha éagsúla, á áirithiú go mbeidh ionadaíocht ag na réigiúin is forimeallaí.***

Cúis

Caithfear ionadaíocht chothrom a dhéanamh ar na leibhéil chríochacha éagsúla agus sainiúlachtaí sonracha na réigiún is forimeallaí, mar a aithnítear in Airteagal 349 CFAE, a chur san áireamh freisin.

Leasú 5

Aithris 17

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Ba cheart don Airmheán Comhpháirteach Taighde ('JRC') leanúint d'fhianaise eolaíoch neamhspleách agus tacaíocht theicniúil a sholáthar le haghaidh bheartais an Aontais ar feadh an timthrialla beartais iomláin. Ba cheart gníomhaíochtaí díreacha JRC a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha, éifeachtúil agus trédhearcach, agus riachtanais bheartais an Aontais agus riachtanais ábhartha úsáideoirí JRC á gcur san áireamh agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais á háirithiú. Ba cheart do JRC leanúint d'acmhainní breise a ghiniúint, ar acmhainní iad a fhéadfaidh sé a úsáid chun tacú lena ghníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla.	Ba cheart don Airmheán Comhpháirteach Taighde ('JRC') leanúint d'fhianaise eolaíoch neamhspleách agus tacaíocht theicniúil a sholáthar le haghaidh bheartais an Aontais ar feadh an timthrialla beartais iomláin. Ba cheart gníomhaíochtaí díreacha JRC a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha, éifeachtúil agus trédhearcach, agus riachtanais bheartais an Aontais agus riachtanais ábhartha úsáideoirí JRC***, ar cheart go mbeadh na Ballstáit, na réigiúin agus na cathracha ina measc sin,*** á gcur san áireamh agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais á háirithiú. Ba cheart do JRC leanúint d'acmhainní breise a ghiniúint, ar acmhainní iad a fhéadfaidh sé a úsáid chun tacú lena ghníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla. ***Tabharfar aird ar leith ar an mbearna idir cuspóirí beartais an Aontais agus a gcur chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil a dhúnadh, tríd an gcomhtháthú idir an taighde, an nuálaíocht agus an cur in úsáid sa mhargadh a neartú, lena n-áirítear tacaíocht chun nuálaíochtaí a uas-scálú.***

Cúis

Tá obair an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde an-tábhachtach do na réigiúin. Ní mór leanúint den chomhobair, trí mheán CnaR. Tríd an nasc idir na céimeanna éagsúla, ó chéim an taighde go céim an chur in úsáid sa mhargadh, a neartú, is féidir tionchar breise a imirt, tacú leis an nuálaíocht réigiúnach agus réitigh a scálú ar fud na hEorpa.

Leasú 6

Aithris 19

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Leis an gClár ba cheart tacú le bonneagair thaighde agus bonneagair theicneolaíochta Eorpacha chun barr feabhais eolaíoch agus teicneolaíoch agus iomaíochas tionsclaíoch a	Leis an gClár ba cheart tacú le bonneagair thaighde agus bonneagair theicneolaíochta Eorpacha chun barr feabhais eolaíoch agus teicneolaíoch agus iomaíochas tionsclaíoch a

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
spreagadh, trí thacú le leanúntas an timthrialla taighde agus nuálaíochta ó thaighde bunúsach go taighde feidhmeach i dtreo cur in úsáid sa tsochaí agus sa mhargadh.	spreagadh, trí thacú le leanúntas an timthrialla taighde agus nuálaíochta ó thaighde bunúsach go taighde feidhmeach i dtreo cur in úsáid sa tsochaí agus sa mhargadh ***thar theorainneacha, bídís idir na réigiúin nó idir na Ballstáit, agus ar fud an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) ina iomláine. Chuige sin, ba cheart faireachán a dhéanamh ar chur in úsáid an bhonneagair ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar dháileadh geografach an chistithe agus comhchruinnithe atá thar fóir a sheachaint.***

Cúis

Treisíonn an leasú seo an togra ó CnaR trí shásraí faireacháin a chur ar fáil ar an leibhéal críochach.

Leasú 7

Aithris 20

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Leis an gClár, ba cheart bearta coincréiteacha a chur chun feidhme mar thaca le fothú acmhainneachta i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus naisc chomhoibríocha a neartú ar fud an Aontais, lena bhfeabhsaítear an cumas taighde agus nuálaíochta i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus i dtíortha trasdula, as a dtagann córas T&N Eorpach níos aontaithe agus níos comhtháite agus lena rannchuidítear leis an sprioc 3 % ar a laghad de OTI a infheistiú i dtaighde agus i bhforbairt. Ba cheart na Ballstáit incháilithe ón tréimhse 2021-2027 a roinnt in dhá ghrúpa ar feadh fhad iomlán an Chláir, ar bhonn Innéacs an Scórchláir Nuálaíochta agus an toraidh airgeadais choibhneasta in aghaidh an Ollioncaim Náisiúnta (OIN), bunaithe ar na critéir seo a leanas: i) 'Tíortha aistrithe', ag a bhfuil Innéacs Scórchláir Nuálaíochta (2023-2025) os cionn 75 % de mheán an Aontais agus toradh airgeadais coibhneasta dearfach in aghaidh OIN (2021-2025) faoi Fhís Eorpach; ii) 'Tíortha a thagann faoin bhfairsingiú', gach Ballstát eile atá incháilithe faoin tréimhse 2021-2027.	Leis an gClár, ba cheart bearta coincréiteacha a chur chun feidhme mar thaca le fothú acmhainneachta i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus naisc chomhoibríocha a neartú ar fud an Aontais***, lena n-áirítear sna réigiúin agus sna cathracha móra, rud*** lena bhfeabhsaítear an cumas taighde agus nuálaíochta i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus i dtíortha trasdula, as a dtagann córas T&N Eorpach níos aontaithe agus níos comhtháite agus lena rannchuidítear leis an sprioc 3 % ar a laghad de OTI a infheistiú i dtaighde agus i bhforbairt. Ba cheart na Ballstáit incháilithe ón tréimhse 2021-2027 a roinnt in dhá ghrúpa ar feadh fhad iomlán an Chláir, ar bhonn Innéacs an Scórchláir Nuálaíochta agus an toraidh airgeadais choibhneasta in aghaidh an Ollioncaim Náisiúnta (OIN), bunaithe ar na critéir seo a leanas: i) 'Tíortha aistrithe', ag a bhfuil Innéacs Scórchláir Nuálaíochta (2023-2025) os cionn 75 % de mheán an Aontais agus toradh airgeadais coibhneasta dearfach in aghaidh OIN (2021-2025) faoi Fhís Eorpach; ii) 'Tíortha a thagann faoin bhfairsingiú', gach Ballstát eile atá incháilithe faoin tréimhse 2021-2027.

Cúis

Ní leor aghaidh a thabhairt ar an mbearna nuálaíochta laistigh den Aontas ar an leibhéal náisiúnta amháin, mar d'fhéadfadh sé sin an bhearna idir na réigiúin a mhéadú. Trí aitheantas a thabhairt do ról na gcathracha mar mhoil nuálaíochta, is féidir éifeachtúlacht chóras T&N na hEorpa a neartú agus dlús a chur le scaipeadh nuálaíochtaí.

Leasú 8

Aithris 22

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Chun uathriail straitéiseach an Aontais a threisiú agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe fadtéarmach a áirithiú, tá sé fíor-riachtanach a iomaíochas domhanda a neartú agus a	Chun uathriail straitéiseach an Aontais a threisiú agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe fadtéarmach a áirithiú, tá sé fíor-riachtanach a iomaíochas domhanda a neartú agus a

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
shócmhainní agus a leasanna straitéiseacha, mar a leagtar amach sa Straitéis Eorpach nua um an tSlándáil Eacnamaíoch, á gcosaint an tráth céanna[1]. Le hAirteagal 136 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 mar a chomhlánaítear le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) XXX [an Ciste Eorpach um Iomaíochas] cuirtear chun cinn iomaíochas an Aontais agus cosnaítear a shlándáil eacnamaíoch. Le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin chun críoch an Chláir, ba cheart creat dlíthiúil iomchuí a sholáthar chun foráil a dhéanamh, i gcás inar gá, maidir le bunú coinníollacha sonracha i dtaca le nósanna imeachta dámhachtana lena gcuirtear iomaíochas atá dírithe ar thaighde chun cinn agus lena gcosnaítear leasanna agus uathriail straitéiseach an Aontais, lena n-áirítear bearta a bhfuil sé d'aidhm acu rannpháirtíocht a shrianadh nó torthaí a chosaint agus comhleanúnachas agus comhsheasmhacht le rialacha sonracha faoi ghnéithe an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas a áirithiú. I gcás inar gá, ba cheart cur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar rioscaí a bhaineann le taighde agus nuálaíocht a shainaithint, go ndéanfar measúnú orthu agus go dtabharfar aghaidh orthu trí bhearta comhréireacha agus éifeachtacha[2]. I gcomhréir le hAirteagal 136 den Rialachán Airgeadais, ba cheart feidhm a bheith ag srianta incháilitheachta maidir le soláthraithe ardriosca ar chúiseanna slándála.	shócmhainní agus a leasanna straitéiseacha, mar a leagtar amach sa Straitéis Eorpach nua um an tSlándáil Eacnamaíoch, á gcosaint an tráth céanna[1]. Le hAirteagal 136 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 mar a chomhlánaítear le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) XXX [an Ciste Eorpach um Iomaíochas] cuirtear chun cinn iomaíochas an Aontais agus cosnaítear a shlándáil eacnamaíoch. Le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin chun críoch an Chláir, ba cheart creat dlíthiúil iomchuí a sholáthar chun foráil a dhéanamh, i gcás inar gá, maidir le bunú coinníollacha sonracha i dtaca le nósanna imeachta dámhachtana lena gcuirtear iomaíochas atá dírithe ar thaighde chun cinn agus lena gcosnaítear leasanna agus uathriail straitéiseach an Aontais, lena n-áirítear bearta a bhfuil sé d'aidhm acu rannpháirtíocht a shrianadh nó torthaí a chosaint agus comhleanúnachas agus comhsheasmhacht le rialacha sonracha faoi ghnéithe an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas a áirithiú. I gcás inar gá, ba cheart cur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar rioscaí a bhaineann le taighde agus nuálaíocht a shainaithint, go ndéanfar measúnú orthu agus go dtabharfar aghaidh orthu trí bhearta comhréireacha agus éifeachtacha[2]. I gcomhréir le hAirteagal 136 den Rialachán Airgeadais, ba cheart feidhm a bheith ag srianta incháilitheachta maidir le soláthraithe ardriosca ar chúiseanna slándála. ***Aithneofar na cathracha agus na réigiúin mar phríomhghníomhaithe sna héiceachórais nuálaíochta, rud a rannchuideoidh le réitigh a fhorbairt, a thástáil, a chur in úsáid agus a scálú i ndlúthchomhar leis na tionscail agus eagraíochtaí taighde.***
[1] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle maidir le 'An Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch', JOIN(2023) 20 final, an Bhruiséil, 20.6.2023.	[1] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle maidir le 'An Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch', JOIN(2023) 20 final, an Bhruiséil, 20.6.2023.
[2] Moladh ón gComhairle an 23 Bealtaine 2024 maidir le slándáil taighde a fheabhsú, C/2024/3510.	[2] Moladh ón gComhairle an 23 Bealtaine 2024 maidir le slándáil taighde a fheabhsú, C/2024/3510.

Cúis

Tá na cathracha agus na réigiúin ríthábhachtach don chur chun feidhme agus don ghlacadh leis an nuálaíocht. Spreagtar leo comhar tionsclaíoch agus acadúil i dtreo spriocanna an Aontais. Agus an ról sin atá acu á aithint, neartaítear na héiceachórais agus cuirtear leis an iomaíochas, leis an athléimneacht agus leis an tslándáil eacnamaíoch ar fud na hEorpa.

Leasú 9

Aithris 25

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Leis an gClár aithnítear go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin dhomhanda agus shochaíocha is mó dá bhfuil ann agus aithnítear gníomhú ar son na haeráide mar spreagadh don iomaíochas tionsclaíoch. Le	Leis an gClár aithnítear go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin dhomhanda agus shochaíocha is mó dá bhfuil ann agus aithnítear gníomhú ar son na haeráide mar spreagadh don iomaíochas tionsclaíoch. Le

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
gníomhaíochtaí ba cheart léiriú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme.	gníomhaíochtaí ba cheart léiriú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme. ***Ag tógáil ar an dul chun cinn sa taighde, ba cheart le Misin an Aontais na naisc leis an gcur in úsáid ar mhórscála, leis an macasamhlú agus leis an nglacadh infheistíochtaí a neartú chun a dtionchar ar an éiceachóras nuálaíochta, ar an tsochaí, ar an éiceolaíocht agus ar an ngeilleagar a uasmhéadú ar fud an Aontais.***

Cúis

Is é is aidhm do Mhisin an Aontais tionchar sistéamach a bhaint amach ar fud na hEorpa. Tá eolas nua atá bunaithe ar TFN ríthábhachtach. Tá ról lárnach ag na cathracha agus na réigiúin cheana féin sa chur chun feidhme. Trí naisc le cur in úsáid agus le hinfheistíocht a neartú, áirithítear torthaí nithiúla agus tacaítear le hiomaíochas agus le torthaí sochaíocha.

Leasú 10

Aithris 29

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Tá gá le bearta tacaíochta chun éiceachórais nuálaíochta a neartú agus a nascadh ar bhealach níos fearr. Ba cheart bearta den sórt sin a bheith ina dtaca le heagraíochtaí agus nuálaithe chun éiceachórais nuálaíochta iomaíocha, láidre agus nasctha a chruthú agus feabhas a chur ar chreatdálaí trí chomhar agus malartú eolais. Ba cheart iad a bheith ina gcuidiú le héiceachórais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a nascadh trí dheireadh a chur le bacainní sa mhargadh aonair amhail ilroinnt an mhargaidh, rochtain theoranta ar chaipiteal agus margaí caipitil náisiúnta deighilte, glacadh mall nuálaíochta agus tearcúsáid soláthair nuálaíochta.	Tá gá le bearta tacaíochta chun éiceachórais nuálaíochta a neartú agus a nascadh ar bhealach níos fearr. Ba cheart bearta den sórt sin a bheith ina dtaca le heagraíochtaí agus nuálaithe chun éiceachórais nuálaíochta iomaíocha, láidre agus nasctha a chruthú agus feabhas a chur ar chreatdálaí trí chomhar agus malartú eolais. Ba cheart iad a bheith ina gcuidiú le héiceachórais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a nascadh trí dheireadh a chur le bacainní sa mhargadh aonair amhail ilroinnt an mhargaidh, rochtain theoranta ar chaipiteal agus margaí caipitil náisiúnta deighilte, glacadh mall nuálaíochta agus tearcúsáid soláthair nuálaíochta. ***Ba cheart na huirlisí atá ann cheana, amhail na Gleannta Nuálaíochta Réigiúnacha (RIVanna), an Séala Barr Feabhais, Interreg agus na straitéisí athnuaite um speisialtóireacht chliste (S3/S4), a choinneáil sa chéad Chlár eile, i dteannta Mhisin ábhartha an Aontais agus Moil (Eorpacha) Nuálaíochta Digití, ós uirlisí iad uile a chuireann an líonrú chun cinn i measc éiceachórais nuálaíochta. Ba cheart na straitéisí sin a bheith ina ngné cheangailteach den sainmhíniú ar thosaíochtaí infheistíochta an Chláir ar an leibhéal réigiúnach agus idir-réigiúnach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar réigiúin a bhfuil nascacht struchtúrach níos laige acu a chomhtháthú i líonraí eolais agus nuálaíochta na hEorpa, ós rud é go gcuireann a seasamh srian ar an rochtain ar chomhpháirtíochtaí, ar shreafaí eolais agus ar éifeachtaí iarmharta.***

Cúis

Neartaítear an leasú ó CnaR agus leagtar béim ar chás uathúil na réigiún a bhfuil nascacht struchtúrach níos laige acu i líonraí eolais agus nuálaíochta na hEorpa.

Leasú 11

Airteagal 2, Sainmhínithe

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:	Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
[…]	[…]
(23) ciallaíonn 'éiceachóras nuálaíochta' éiceachóras lena dtugtar le chéile eagraíochtaí ar leibhéal an Aontais a bhfuil sé de sprioc fheidhmiúil acu forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht a chumasú agus lena gcuimsítear caidreamh idir acmhainní ábhartha (amhail cistí, trealamh agus saoráidí, lena n-áirítear bonneagair thaighde agus theicneolaíochta), eintitis institiúideacha (amhail institiúidí ardoideachais agus seirbhísí tacaíochta, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, cuideachtaí, infheisteoirí — lena n-áirítear caipitlithe fiontair — agus idirghabhálaithe airgeadais) agus eintitis ceaptha beartais agus cistiúcháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.	(23) ciallaíonn 'éiceachóras nuálaíochta' éiceachóras lena dtugtar le chéile eagraíochtaí ***ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus*** ar leibhéal an Aontais a bhfuil sé de sprioc fheidhmiúil acu forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht a chumasú agus lena gcuimsítear caidreamh idir acmhainní ábhartha (amhail cistí, trealamh agus saoráidí, lena n-áirítear bonneagair thaighde agus theicneolaíochta), eintitis institiúideacha (amhail institiúidí ardoideachais agus seirbhísí tacaíochta, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, ***córais sláinte, ar timpeallachtaí iad atá fabhrach don ghiniúint eolais agus do nuálaíochtaí a bhailíochtú agus a ghlacadh,*** cuideachtaí, infheisteoirí — lena n-áirítear caipitlithe fiontair — agus idirghabhálaithe airgeadais) agus eintitis ceaptha beartais agus cistiúcháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.
(24) ciallaíonn 'triantán eolais' líonraí a chruthú idir institiúidí oideachais, eagraíochtaí taighde agus gnólachtaí arb é is aidhm dóibh éiceachórais nuálaíochta a chruthú lena bhfreastalaítear ar phíblíne nuálaíochta a chruthú ó thús na nuálaíochta trí oideachas fiontraíochta go dtí cruthú gnólachtaí nuathionscanta agus fás gnólachtaí atá ag méadú.	(24) ciallaíonn 'triantán eolais' líonraí a chruthú idir institiúidí oideachais, eagraíochtaí taighde agus gnólachtaí arb é is aidhm dóibh éiceachórais nuálaíochta a chruthú lena bhfreastalaítear ar phíblíne nuálaíochta a chruthú ó thús na nuálaíochta trí oideachas fiontraíochta go dtí cruthú gnólachtaí nuathionscanta agus fás gnólachtaí atá ag méadú.
	(25) ciallaíonn 'héilics ceathrúil' sraith idirghníomhaíochtaí idir ceithre cinn de phríomhghníomhaithe an chórais nuálaíochta, mar atá lucht eolaíochta, na húdaráis phoiblí, na tionscail agus an tsochaí.

Cúis

Comhlánaíonn éiceachórais nuálaíochta a chéile agus ní mór, ina fhianaise sin, iad go léir a chur san áireamh sa chlár Fís Eorpach. Cé go bhfuil an triantán eolais tábhachtach, níor cheart dearmad a dhéanamh ar an héilics ceathrúil ós bealach é leis an tsochaí a chur sa mheá san eolaíocht. Ina theannta sin, neartaítear ról na gcóras sláinte sna héiceachórais nuálaíochta, atá ina bhfíorthimpeallachtaí taighde agus nuálaíochta, ina ngintear fianaise, ina mbailíochtaítear réitigh agus ina gcuirtear dlús lena nglacadh, rud a fheabhsaíonn an nasc idir an fhorbairt theicneolaíoch agus an cur i bhfeidhm praiticiúil i gcomhréir le cuspóirí an Aontais.

Leasú 12

Airteagal 3, Cuspóirí an chláir

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Is iad na cuspóirí sonracha atá ag an gClár:	Is iad na cuspóirí sonracha atá ag an gClár:
— Eolas, scileanna agus gairmeacha tarraingteacha ardcháilíochta a chruthú le haghaidh taighdeoirí agus tacú leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a bhaint amach.	— Eolas, scileanna agus gairmeacha tarraingteacha ardcháilíochta a chruthú le haghaidh taighdeoirí agus tacú leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a bhaint amach.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
— Taighde comhoibríoch, comhroinnt eolais agus luachshocrú uile-Aontais agus idirnáisiúnta a mhéadú.	— Taighde comhoibríoch, comhroinnt eolais agus luachshocrú uile-Aontais agus idirnáisiúnta a mhéadú.
— Tosaíochtaí an Aontais agus tosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a ailíniú chun éiceachóras taighde agus nuálaíochta uile-Eorpach a chruthú.	— Tosaíochtaí ***taighde agus nuálaíochta náisiúnta, réigiúnacha agus*** an Aontais a ailíniú chun éiceachóras ***láidir*** taighde agus nuálaíochta uile-Eorpach a chruthú***, lena n-áirítear trí rochtain ar bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta a neartú, go háirithe do na tionscail, do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta, chun tacú leis an nuálaíocht, le tástáil, le taispeáint agus le scálú réiteach***.
	— ***Cuidiú le héiceachórais nuálaíochta réigiúnacha agus áitiúla a thógáil ón mbun aníos trí na naisc eatarthu a neartú freisin.***
	— ***Forbairt éiceachóras fiontraíochta nuálach Eorpach a chothú, tacú le cruthú, fás agus méadú gnólachtaí nuathionscanta agus lena gcomhtháthú in éiceachórais áitiúla, réigiúnacha agus Eorpacha.***
— Éagothromaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a laghdú maidir le hacmhainneacht, scileanna agus tallann taighde agus nuálaíochta chun éiceachórais nuálaíochta a neartú.	— Éagothromaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a laghdú maidir le hacmhainneacht, scileanna agus tallann taighde agus nuálaíochta chun éiceachórais nuálaíochta a neartú ***agus tacú go héifeachtach le 'limistéir barr feabhais', go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha, tuaithe agus fhorimeallacha, agus úsáid á baint as an Scórchlár Nuálaíochta Réigiúnaí mar thagarmharc chun cur leis na cinntí maidir leis an rannpháirtíocht***.
	— ***Feabhas a chur ar sheasamh an Aontais i réimse na nuálaíochta, agus béim ar leith á cur ar theicneolaíochtaí straitéiseacha agus ar an nuálaíocht shuaiteach, scaipeadh réiteach nuálach a éascú chun an t-iomaíochas a chothú agus aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin shochaíocha.***
	— ***Uas-scálú agus imscaradh mhisin an Aontais a neartú tríd an ról atá acu a fheabhsú maidir leis an nuálaíocht, an infheistíocht agus an cur chun feidhme comhordaithe a shlógadh ar fud na n-earnálacha agus na leibhéal rialachais, rud a rannchuideoidh le tionchar claochlaitheach ar leibhéal ard-aidhme.***
— Níos mó maoiniú príobháideach le haghaidh taighde agus nuálaíochta a dhí-rioscú agus a shlógadh, go háirithe chun tacú leis an teicneolaíocht dhomhain agus chun gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna nuálacha a uas-scálú.	— Níos mó maoiniú príobháideach le haghaidh taighde agus nuálaíochta a dhí-rioscú agus a shlógadh, go háirithe chun tacú leis an teicneolaíocht dhomhain agus chun gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna nuálacha a uas-scálú.
	— ***Cur leis an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach sa taighde agus sa nuálaíocht sna Ballstáit, rud a rannchuideoidh le caiteachas foriomlán 3 % ar a laghad d'olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais sa taighde agus san fhorbairt a bhaint amach.***

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	— ***Macasamhlú, oiriúnú agus aistriú idir-chríochach na réiteach nuálach rathúil a chothú, go háirithe idir cathracha agus réigiúin Eorpacha, chun tionchar agus inscálaitheacht infheistíochtaí an Aontais a uasmhéadú.***
	— ***Faireachán bunaithe ar tháscairí réigiúnacha a chur chun cinn chun an rannpháirtíocht sa Chlár, maille leis an toradh air agus an tionchar críochach aige, a thomhas.***

Cúis

Chun a chuid spriocanna a bhaint amach, ní mór don Aontas an cur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil a neartú. Chuige sin, ní mór béim a leagan ar ról na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta sa nuálaíocht réigiúnach. Nuair a thugtar rochtain níos fearr do chuideachtaí, tacaítear le FBManna, neartaítear na héiceachórais agus feabhsaítear an acmhainneacht nuálaíochta ar fud réigiúin uile an Aontais. Moltar foráil a dhéanamh maidir le sásraí faireacháin chríochaigh. Uirlis chruthaithe shonraíbhunaithe atá sa Scórchlár Nuálaíochta Réigiúnaí agus is fearr a léirítear ann na héagothromaíochtaí fonáisiúnta ná díreach trí leas a bhaint as táscairí ar an leibhéal náisiúnta agus, dá bhrí sin, ba cheart é a úsáid mar thagarmharc chun cur leis na cinntí maidir leis an rannpháirtíocht.

Leasú 13

Airteagal 4, Struchtúr an chláir

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
(c) Cuid III 'An Nuálaíocht', ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas, go háirithe: (i) an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE); (ii) Éiceachórais nuálaíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun comhtháthú thriantán an eolais — ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, agus gnó — a chothú ar fud an Aontais.	(c) Cuid III 'An Nuálaíocht', ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas, go háirithe: (i) an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE); (ii) Éiceachórais nuálaíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun comhtháthú thriantán an eolais — ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, agus gnó — a chothú ar fud an Aontais***, na réigiún agus na gceantar áitiúil***.
(d) Cuid IV 'an Limistéar Eorpach Taighde', ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas, go háirithe: (i) córas Taighde agus Nuálaíochta na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú; (ii) bonneagair thaighde agus theicneolaíochta; (iii) rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a scaipeadh.	(d) Cuid IV 'an Limistéar Eorpach Taighde', ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas, go háirithe: (i) córas Taighde agus Nuálaíochta na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú ***i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus cur chuige rialachais il-leibhéil a chur i bhfeidhm***; (ii) bonneagair thaighde agus theicneolaíochta; (iii) rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a scaipeadh ***ar fud gach leibhéil rialachais***.

Cúis

Is sna héiceachórais réigiúnacha a thosaíonn an taighde agus an nuálaíocht. Is féidir nuálaíocht den chineál is iomaíche is féidir a fhorbairt go tapa ach forbairt na n-éiceachóras sin a chur chun cinn agus naisc a chothú eatarthu.

Leasú 14

Airteagal 8, Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Cuirfear an Clár chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais. ***Gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile, féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil faoin gClár seo freisin.***	Cuirfear an Clár chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais ***agus le cláir náisiúnta agus cláir réigiúnacha, agus urraim á tabhairt d'inniúlachtaí na n-údarás réigiúnach a bhfuil freagrachtaí rialála nó straitéiseacha orthu maidir le taighde, nuálaíocht agus forbairt eacnamaíoch, i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus an rialachais il-leibhéil. Ní mór sineirgí an Chláir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas (CEI) agus leis an bplean comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí (plean CNR) a shoiléiriú.***

Cúis

An tagairt ghinearálta do 'údaráis áitiúla agus réigiúnacha', ní leor í chun dealú a dhéanamh idir réaltachtaí institiúideacha atá an-éagsúil.

Leasú 15

Airteagal 12, An Chomhairle Eorpach um Thaighde

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Meallfaidh ERC na taighdeoirí is éirimiúla ó gach cearn den domhan agus bunóidh sé an tAontas mar lárionad ceannródaíoch domhanda don taighde agus don nuálaíocht.	Meallfaidh ERC na taighdeoirí is éirimiúla ó gach cearn den domhan agus bunóidh sé an tAontas mar lárionad ceannródaíoch domhanda don taighde agus don nuálaíocht. ***Cruthófar Stádas Taighdeora Eorpaigh chun tacú le taighdeoirí den scoth trína gcuid gníomhaíochtaí a éascú ar fud an Aontais Eorpaigh.***

Cúis

Ba cheart taighde den scoth a fhorbairt ar fud na hEorpa. Trí Stádas Taighdeora Eorpaigh a thabhairt isteach, ní hamháin go n-éascófar taighde den sórt sin, ach cuirfear na taighdeoirí i dteagmháil le chéile, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí torthaí taighde ní b'fhearr a fháil. D'fhágfadh sé freisin, b'fhéidir, go seachnófaí imirce daoine oilte.

Leasú 16

Airteagal 14, Airmheán Comhpháirteach Taighde

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Soláthróidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde eolas agus eolaíocht neamhspleách atá bunaithe ar fhianaise, lena dtacaítear le beartais an Aontais chun tionchar dearfach a imirt ar an tsochaí.	Soláthróidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde eolas agus eolaíocht neamhspleách atá bunaithe ar fhianaise, lena dtacaítear le beartais an Aontais***, agus le beartais náisiúnta agus réigiúnacha chomh maith,*** chun tionchar dearfach a imirt ar an tsochaí.

Cúis

Tá obair an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde an-tábhachtach do na réigiúin. Ní mór leanúint den chomhobair, trí mheán CnaR.

Leasú 17

Airteagal 15, Taighde comhoibríoch

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
4. Leis an gClár tacófar le gníomhaíochtaí chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha dhomhanda sna réimsí a bhaineann le luachanna daonlathacha a neartú agus dul i ngleic le bréagaisnéis, lena n-áirítear an smacht reachta agus cearta bunúsacha; claochluithe socheacnamaíocha atá ina rannchuidiú leis an gcuimsiú agus leis an bhfás a chur chun cinn, dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha agus idirghlúine, lena n-áirítear dúshláin ó thaobh na hóige de agus lena n-áirítear bainistiú imirce agus lánpháirtiú imirceach.	4. Leis an gClár tacófar le gníomhaíochtaí chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha dhomhanda sna réimsí a bhaineann le luachanna daonlathacha a neartú agus dul i ngleic le bréagaisnéis, lena n-áirítear an smacht reachta agus cearta bunúsacha; claochluithe socheacnamaíocha atá ina rannchuidiú leis an gcuimsiú agus leis an bhfás a chur chun cinn, dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha agus idirghlúine, lena n-áirítear dúshláin ó thaobh na hóige de agus lena n-áirítear bainistiú imirce agus lánpháirtiú imirceach. ***Chuige sin, tabharfar tacaíocht shainráite agus leordhóthanach sa Chlár do na heolaíochtaí sóisialta agus daonnachtaí (ESD), earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta san áireamh, lena n-áirítear i ndearadh, cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta lena dtugtar aghaidh ar mhórdhúshláin shochaíocha.***
5. Leis an gClár rannchuideofar le Misin an Aontais go háirithe trí ghníomhaíochtaí tosaíochta a shainaithint le haghaidh cistiú T&N chun eolas, teicneolaíochtaí, seirbhísí agus táirgí nua a fhorbairt i bhfianaise a spriocanna. Dámhfar cistiú do Mhisin an Aontais a bhunaítear faoi Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/695 ar bhonn cláir oibre lena gcumhdaítear suas leis an mbliain bhuiséadach 2030.	5. Leis an gClár rannchuideofar le Misin an Aontais go háirithe trí ghníomhaíochtaí tosaíochta a shainaithint le haghaidh cistiú T&N chun eolas, teicneolaíochtaí, seirbhísí agus táirgí nua a fhorbairt i bhfianaise a spriocanna. Dámhfar cistiú do Mhisin an Aontais a bhunaítear faoi Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/695 ar bhonn cláir oibre lena gcumhdaítear suas leis an mbliain bhuiséadach 2030***, agus neartófar rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i rialachas Mhisin an Aontais***. ***Tabharfar aird ar leith ar ról na gcathracha agus na réigiún mar spásanna chun réitigh nuálacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin uirbeacha amhail an tithíocht, an cuimsiú sóisialta, an tsoghluaisteacht inbhuanaithe, an t-aistriú fuinnimh agus an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide.***

Cúis

Bíonn deacrachtaí ag roinnt mhaith tionscadail fiontraíochta nuálacha rochtain a fháil ar chéadéileamh fónta agus a gcuid réiteach a bhailíochtú ar bhonn oibríochtúil.

Leasú 18

Airteagal 17, Éiceachórais Nuálaíochta

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
1. Leis an gClár tacófar le heagraíochtaí chun éiceachórais agus creatdálaí nuálaíochta atá iomaíoch, láidir agus nasctha a chruthú. Saothrófar sineirgí le cláir an Aontais, le cláir náisiúnta agus le cláir réigiúnacha chuige sin.	1. Leis an gClár tacófar le heagraíochtaí chun éiceachórais agus creatdálaí nuálaíochta atá iomaíoch, láidir agus nasctha a chruthú***, amhail Gleannta Nuálaíochta Réigiúnacha (RIVanna)***. Saothrófar sineirgí le cláir an Aontais, le cláir náisiúnta agus le cláir réigiúnacha chuige

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
	sin. ***Sa bhreis air sin, is é is aidhm don nuálaíocht áitbhunaithe borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch, feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil, agus rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, rud a chiallaíonn gur cheart tacú leis an nuálaíocht áitbhunaithe freisin. Tacóidh an Clár freisin leis an nuálaíocht shóisialta mar cheann tiomána bunriachtanach an fháis chuimsithigh, an chomhtháthaithe chríochaigh agus na hathléimneachta sochaí.***
2. Leis an gClár tacófar le gníomhaíochtaí chun comhtháthú thriantán an eolais — ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, ***agus*** gnó — a chothú ar fud an Aontais.	2. Leis an gClár tacófar le gníomhaíochtaí chun comhtháthú thriantán an eolais ***agus an héilics cheathrúil*** — ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, gnó ***agus an tsochaí*** — a chothú ar fud an Aontais. ***3. Déanfar an Clár a chur i bhfeidhm ar bhealach atá cothrom ó thaobh beartais agus airgeadais de thar réimsí tosaíochta agus sruthanna ábhartha gníomhaíochta.*** ***4. Leis an gClár, spreagfar úsáid straitéiseach sholáthar poiblí na nuálaíochta mar phríomhuirlis chun réitigh nuálacha a chur in úsáid sna húdaráis áitiúla agus réigiúnacha.*** ***5. Leis an gClár, tacófar le treoirthionscadail agus tionscadail taispeántais ar mhórscála a fhorbairt faoi stiúir na gcathracha agus na réigiún, chomh maith le héiceachórais fiontraíochta nuálacha a neartú, trí rochtain ar mhaoiniú, ar bhonneagar turgnamhaíochta, ar líonraí idirnáisiúnta agus ar chéad chliaint a éascú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, go háirithe trí úsáid straitéiseach a bhaint as soláthar nuálaíochta.*** ***6. Leis an gClár, cuirfear chun cinn freisin forbairt ionstraimí nuálaíochta oscailte lena n-éascaítear an comhar idir na húdaráis phoiblí, gnólachtaí, ollscoileanna, ionaid taighde, gnólachtaí nuathionscanta agus an tsochaí shibhialta, go háirithe trí ardáin chomhoibríocha, timpeallachtaí turgnamhaíochta agus cláir nuálaíochta oscailte arna stiúradh ag na cathracha agus na réigiúin.*** ***7. Leis an gClár, cuirfear chun cinn freisin comhtháthú gníomhach na réigiún a bhfuil nascacht struchtúrach níos ísle acu i líonraí eolais agus nuálaíochta Eorpacha agus idirnáisiúnta, rud a éascóidh a rannpháirtíocht i gcuibhreannais agus a suíomh i réimsí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn.***

Cúis

Léiriú atá sna héiceachórais nuálaíochta réigiúnacha, ar a leibhéal féin, ar chineál an éiceachórais nuálaíochta ba cheart a bheith ann ar an leibhéal Eorpach. Ba cheart na héiceachórais sin a bheith in ann muinín a bheith acu as an Eoraip chun tacú leo iad féin a fhorbairt, nascadh le chéile agus éiceachórais a chruthú ar an leibhéal Eorpach. Is príomhuirlis é an soláthar poiblí chun éileamh ar nuálaíocht a ghiniúint agus chun é a éascú réitigh nua a chur ar an margadh. Leis an nuálaíocht oscailte, is féidir dlús a chur le haistriú eolais agus le glacadh réiteach nuálach. Chun rannpháirtíocht réigiúnach sa Chlár a fheabhsú, tá gá le gníomhaíocht chomhuaineach maidir le dhá ghné chomhlántacha: ar thaobh amháin, acmhainneachtaí inmheánacha a neartú maidir le rochtain, bainistiú, luachshocrú agus fiontraíocht eolaíoch; ar an taobh eile, comhtháthú níos fearr na réigiún nach bhfuil chomh nasctha sin leis na Líonraí Eorpacha Eolais agus Nuálaíochta, ar a mbíonn an comhar, na cuibhreannais agus na héifeachtaí iarmharta ag brath go mór.

Leasú 19

Airteagal 18, An Limistéar Eorpach Taighde agus bonneagair

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
2. Áiritheofar leis an gClár cur chun cinn agus cosaint éifeachtach luachanna agus phrionsabail LET agus an Chomhshocraithe um thaighde agus um nuálaíocht, go háirithe eitic agus sláine i dtaighde agus nuálaíocht, saoirse taighde eolaíoch agus comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna, agus cur chun cinn gairmeacha tarraingteacha taighde agus soghluaisteachta. Beidh cistiú na mBonneagar Taighde agus Teicneolaíochta ina rannchuidiú le héiceachóras láidir comhleanúnach de shaoráidí agus seirbhísí inbhuanaithe den chéad scoth a thabhairt don Aontas, ag tógáil ar bhonneagair uile-Eorpacha tosaíochta ***agus ar acmhainneachtaí*** náisiúnta úrscothacha ***comhlántacha*** agus úsáid ***á baint*** as ionstraimí cistiúcháin, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí Eorpacha. Leis an gClár ***rannchuideofar*** suas le 20 % de na costais tógála a bhaineann le hacmhainneachtaí criticiúla nua den chéad scoth atá ag bonneagair thaighde agus theicneolaíochta Eorpacha.	2. Áiritheofar leis an gClár cur chun cinn agus cosaint éifeachtach luachanna agus phrionsabail LET agus an Chomhshocraithe um thaighde agus um nuálaíocht, go háirithe eitic agus sláine i dtaighde agus nuálaíocht, saoirse taighde eolaíoch agus comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna, agus cur chun cinn gairmeacha tarraingteacha taighde ***agus nuálaíochta*** agus ***na*** soghluaisteachta. Beidh cistiú na mBonneagar Taighde agus Teicneolaíochta ina rannchuidiú le héiceachóras láidir comhleanúnach de shaoráidí agus seirbhísí inbhuanaithe den chéad scoth a thabhairt don Aontas ***agus dá Bhallstáit***, ag tógáil ar bhonneagair uile-Eorpacha tosaíochta ***ar fud an Aontais atá curtha ar fáil do na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta, córais sláinte agus a seach-chórais. Beidh an bonneagar sin comhlántach le hacmhainneachtaí*** náisiúnta ***agus réigiúnacha*** úrscothacha agus ***bainfear*** úsáid as ionstraimí cistiúcháin, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí Eorpacha. Leis an gClár ***ranníocfar*** suas le 20 % de na costais tógála a bhaineann le hacmhainneachtaí criticiúla nua den chéad scoth atá ag bonneagair thaighde agus theicneolaíochta Eorpacha.

Cúis

Maoiníonn na cathracha agus na réigiúin bonneagair thaighde agus spreagann siad forbairt bonneagar nua a bhfuil luach ag baint leo ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach. Thairis sin, caithfidh an bonneagar sin a bheith inrochtana i gcónaí ag FBManna, ag gnólachtaí nuathionscanta agus ag córais sláinte agus a seach-chórais ar fíorthimpeallachtaí taighde agus nuálaíochta iad, ós sna heagraíochtaí sin a dhéantar nuálaíocht cheannródaíoch a fhorbairt.

Leasú 20

Airteagal 19, Fairsingiú

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
1. Is éard atá i gceist le 'tíortha a thagann faoin bhfairsingiú' an Bhulgáir, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóvaic agus an Ungáir chun na gníomhaíochtaí faoi mhír 5, pointí a) agus b) a chistiú.	1. Is éard atá i gceist le 'tíortha a thagann faoin bhfairsingiú' an Bhulgáir, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóvaic agus an Ungáir chun na gníomhaíochtaí faoi mhír 5, pointí a) agus b) a chistiú.
3. Ní bheidh ach amháin eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú nó i dtíortha aistrithe incháilithe mar chomhordaitheoirí faoin gcomhpháirt 'rannpháirtíocht a fhairsingiú agus barr feabhais a scaipeadh' den chuid 'LET a Neartú' den Chlár.	3. Ní bheidh ach amháin eintitis dhlíthiúla***, ar a n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha,*** atá bunaithe i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú nó i dtíortha aistrithe ***agus na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 355(1) CFAE*** incháilithe mar chomhordaitheoirí faoin gcomhpháirt 'rannpháirtíocht a fhairsingiú agus barr feabhais a scaipeadh' den chuid 'LET a Neartú' den Chlár.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
4. I gcás tíortha comhlachaithe, eintitis dhlíthiúla ó liosta na dtíortha incháilithe mar a shainmhínítear bunaithe ar tháscaire agus mar a fhoilsítear sa chlár oibre, beidh siad go hiomlán incháilithe mar chomhordaitheoirí faoin gcomhpháirt seo. ***Beidh eintitis dhlíthiúla ó na réigiúin is forimeallaí mar a shainmhínítear in Airteagal 349 CFAE incháilithe freisin mar chomhordaitheoirí faoin gcomhpháirt seo agus beidh siad faoi réir na rialacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le tíortha a thagann faoin bhfairsingiú faoin Airteagal seo, cé is moite de mhír 7.***	4. I gcás tíortha comhlachaithe, eintitis dhlíthiúla ó liosta na dtíortha incháilithe mar a shainmhínítear bunaithe ar tháscaire agus mar a fhoilsítear sa chlár oibre, beidh siad go hiomlán incháilithe mar chomhordaitheoirí faoin gcomhpháirt seo.
5. Áirítear le 'fairsingiú' an méid seo a leanas: (a) bearta fothaithe acmhainneachta; (b) bearta lena dtacaítear le líonrú, luachshocrú eolais, cur in aghaidh imirce daoine oilte agus tacaíocht thiomnaithe do Phointí Teagmhála Náisiúnta (PTNanna).	5. Áirítear le 'fairsingiú' an méid seo a leanas: (a) bearta fothaithe acmhainneachta; (b) bearta lena dtacaítear le líonrú, luachshocrú eolais, cur in aghaidh imirce daoine oilte agus tacaíocht thiomnaithe do Phointí Teagmhála Náisiúnta (PTNanna).
6. Beidh an Clár ina chúnamh le tíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus le tíortha aistrithe a rannpháirtíocht a mhéadú agus clúdach geografach leathan a chur chun cinn i dtionscadail chomhoibríocha den scoth. Léireofar na hiarrachtaí sin le bearta comhréireacha de chuid na mBallstát.	6. Beidh an Clár ina chúnamh le tíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus le tíortha aistrithe a rannpháirtíocht a mhéadú agus clúdach geografach leathan a chur chun cinn i dtionscadail chomhoibríocha den scoth. Léireofar na hiarrachtaí sin le bearta comhréireacha de chuid na mBallstát ***agus na réigiún agus rannchuideoidh siad freisin leis an gcomhrac in aghaidh imirce daoine oilte agus le coinneáil agus cúrsaíocht daoine oilte, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha, i réigiúin faoin tuath, i réigiúin iargúlta agus sna réigiúin is forimeallaí***.
7. Ó 2030 ar aghaidh ***tá*** rochtain ar bhearta fothaithe acmhainneachta ***srianta do na tíortha sin a thagann faoin bhfairsingiú agus a mhéadaigh a gcaiteachas iarbhír ar infheistíocht phoiblí i dtaighde agus forbairt sa bhliain is déanaí ar a bhfuil eolas i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin***.	7. Ó 2030 ar aghaidh***, déanfar measúnú ar an*** rochtain ar bhearta fothaithe acmhainneachta ***agus aird á tabhairt ní hamháin ar iarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta, ach freisin ar fhorbairtí in éiceachórais taighde agus nuálaíochta réigiúnacha agus áitiúla, bunaithe ar tháscairí críochacha ábhartha, lena n-áirítear scórchláir nuálaíochta réigiúnacha i gcás inarb ábhartha***.

Cúis

Ó thus na tréimhse 2021-2027, tá na réigiúin is forimeallaí incháilithe faoin gcaibidil seo bonn ar aon leis na tíortha atá incháilithe ar an leibhéal náisiúnta. Ní leor mar a chuirtear sin in iúl sa togra ón gCoimisiún Eorpach, áfach. Is é is aidhm don leasú seo an pointe a shoiléiriú.

Leasú 21

Airteagal 2, Cuspóirí oibríochtúla

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
2. Tá na cuspóirí oibríochtúla seo a leanas ag an gClár Sonrach: [...] (f) bonneagair thaighde agus theicneolaíochta a nascadh le chéile agus a fhorbairt ar fud an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) chun rochtain thrasnáisiúnta a sholáthar; (g) tacú le cruthú agus méadú na teicneolaíochta doimhne agus gnólachtaí nuathionscanta nuálacha; [...] (i)	2. Tá na cuspóirí oibríochtúla seo a leanas ag an gClár Sonrach: [...] (f) bonneagair thaighde agus theicneolaíochta a nascadh le chéile agus a fhorbairt ar fud an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) chun rochtain thrasnáisiúnta***, idir-réigiúnach agus trasteorann*** a sholáthar; (g) tacú le cruthú agus méadú na teicneolaíochta doimhne agus gnólachtaí

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
rannpháirtíocht eagraíochtaí taighde ó na tíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus ó na tíortha aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach] a mhéadú; (j) eolaíocht oscailte a chothú agus infheictheacht don phobal agus an rochtain oscailte ar thorthaí a áirithiú nuair is féidir.	nuathionscanta nuálacha; [...] (i) rannpháirtíocht eagraíochtaí taighde ó na tíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus ó na tíortha aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach] a mhéadú; (j) eolaíocht oscailte a chothú agus infheictheacht don phobal agus an rochtain oscailte ar thorthaí a áirithiú nuair is féidir***, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí cur chun cinn na meán mar chuid den eolaíocht i gcomhar leis an tsochaí agus le haghaidh na sochaí ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach***.

Cúis

Ní bheifear in ann córas domhanda taighde agus nuálaíochta den scoth a fhorbairt mura mbeidh an leibhéal áitiúil agus réigiúnach rannpháirteach san obair sin. Leis sin, ní mór an leibhéal sin a chur san áireamh agus na cuspóirí sin á saothrú.

Leasú 22

Airteagal 4, Clár oibre

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
2. Glacfaidh an Coimisiún cláir oibre ar leithligh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, chun gníomhaíochtaí faoi na comhpháirteanna seo a leanas a chur chun feidhme, mar a leagtar amach in Airteagal 1(3): (a) an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC), a mbunóidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde an dréachtchlár oibre ina leith faoi Airteagal 7(9)(a)(ii), i gcomhréir le hAirteagal 18(3). Ní imeoidh an Coimisiún ón dréachtchlár oibre arna bhunú ag Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde ach amháin i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 7(4); sa chás sin, glacfaidh an Coimisiún an clár oibre trí bhíthin gníomh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 18(4); tabharfaidh an Coimisiún údar cuí-réasúnaithe ina leith; (b) an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE), a n-ullmhófar an clár oibre di tar éis comhairle a fháil ó Bhord na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí faoi Airteagal 12(1)(b), i gcomhréir le hAirteagal 18(4); (c) Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC), dúshláin shochaíocha dhomhanda, Misin Eorpacha, Saoráid Bauhaus Eorpach Nua, éiceachórais nuálaíochta, córas taighde agus nuálaíochta na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú, bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, rannpháirtíocht a leathnú agus barr feabhais a scaipeadh, i gcomhréir le hAirteagal 18(4); (d) JRC, a ***chuirfear*** san áireamh sa clár oibre ilbhliantúil an tuairim arna tabhairt ag Bord Gobharnóirí JRC dá dtagraítear i gCinneadh 96/282/Euratom ón gCoimisiún.	2. Glacfaidh an Coimisiún cláir oibre ar leithligh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, chun gníomhaíochtaí faoi na comhpháirteanna seo a leanas a chur chun feidhme, mar a leagtar amach in Airteagal 1(3)***, agus ba cheart CnaR a chur ar an eolas faoi na cláir oibre sin***: (a) an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC), a mbunóidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde an dréachtchlár oibre ina leith faoi Airteagal 7(9)(a)(ii), i gcomhréir le hAirteagal 18(3). Ní imeoidh an Coimisiún ón dréachtchlár oibre arna bhunú ag Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde ach amháin i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 7(4); sa chás sin, glacfaidh an Coimisiún an clár oibre trí bhíthin gníomh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 18(4); tabharfaidh an Coimisiún údar cuí-réasúnaithe ina leith; (b) an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE), a n-ullmhófar an clár oibre di tar éis comhairle a fháil ó Bhord na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí faoi Airteagal 12(1)(b), i gcomhréir le hAirteagal 18(4); (c) Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC), dúshláin shochaíocha dhomhanda, Misin Eorpacha, Saoráid Bauhaus Eorpach Nua, éiceachórais nuálaíochta, córas taighde agus nuálaíochta na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú, bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, rannpháirtíocht a leathnú agus barr feabhais a scaipeadh, i gcomhréir le hAirteagal 18(4)***. I gcás na gcomhpháirteanna sin, beidh Parlaimint na hEorpa, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún, mar aon le hionadaithe na n-údarás áitiúil, go háirithe na cathracha móra, i gcás inarb iomchuí, ar na coistí agus na boird ábhartha a bhíonn i mbun an chlársceidealaithe***; (d) JRC, a ***gcuirfear*** san áireamh ***ina leith*** sa clár oibre ilbhliantúil an tuairim arna tabhairt ag Bord Gobharnóirí JRC dá dtagraítear i gCinneadh 96/282/Euratom ón gCoimisiún.

Cúis

Is ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach a fhorbraítear an taighde agus an nuálaíocht. Agus Coiste Eorpach na Réigiún nasctha go dlúth leis na héiceachórais nuálaíochta agus cur amach maith a bheith aige orthu, tá údar cuí leis go dtabharfadh CnaR, trí mheán a chomhaltaí, a thuairim faoi chlársceidealú an Chláir Réime.

Leasú 23

Airteagal 5, Comhpháirtíochtaí Eorpacha

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
1. (a)	1. (a)
iii. comhdhéanamh na gcomhpháirtithe: mura bhfuil údar cuí leis, tá gá le rannpháirtíocht eintiteas poiblí ó chúig Bhallstát ar a laghad agus eintiteas príobháideach a dhéanann ionadaíocht ar chodanna substaintiúla dá n-éiceachórais faoi seach, lena ***n-áiritheofar*** rannpháirtíocht leathan agus chothrom na bpríomhpháirtithe leasmhara;	iii. comhdhéanamh na gcomhpháirtithe: mura bhfuil údar cuí leis ***agus gan beann ar mhéid***, tá gá le rannpháirtíocht eintiteas poiblí ó chúig Bhallstát ar a laghad agus eintiteas príobháideach a dhéanann ionadaíocht ar chodanna substaintiúla dá n-éiceachórais faoi seach, lena ***ráthaítear*** rannpháirtíocht leathan agus chothrom na bpríomhpháirtithe leasmhara;
xiii. áireofar le faireachán leanúnach rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo sraith táscairí coiteanna a bhaineann go sonrach le comhpháirtíocht, lena n-áirítear rannchuidithe comhpháirtithe, costéifeachtúlacht, agus oscailteacht do chomhpháirtithe nua. Cuirfidh táscairí coiteanna a bhaineann go sonrach le comhpháirtíocht leis na táscairí coiteanna mar a shainmhínítear faoi Rialachán XXX [tagairt don Rialachán Feidhmíochta] agus mar a leagtar amach sna tuarascálacha faireacháin débhliantúla maidir le feidhmíocht comhpháirtíochtaí Eorpacha faoin gclár Fís Eorpach 2021-2027;	xiii. áireofar le faireachán leanúnach rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo sraith táscairí coiteanna a bhaineann go sonrach le comhpháirtíocht, lena n-áirítear rannchuidithe comhpháirtithe, costéifeachtúlacht, agus oscailteacht do chomhpháirtithe nua. Cuirfidh táscairí coiteanna a bhaineann go sonrach le comhpháirtíocht leis na táscairí coiteanna mar a shainmhínítear faoi Rialachán XXX [tagairt don Rialachán Feidhmíochta] agus mar a leagtar amach sna tuarascálacha faireacháin débhliantúla maidir le feidhmíocht comhpháirtíochtaí Eorpacha faoin gclár Fís Eorpach 2021-2027***. Ní mór staid na himeartha agus an obair leanúnach ar chomhpháirtíochtaí a thuairisciú ar bhonn bliantúil chuig institiúidí an Aontais, CnaR san áireamh***;

Cúis

Is cuid d'éiceachórais eacnamaíocha agus nuálaíochta na réigiún iad na páirtithe sna comhpháirtíochtaí sin. Dá bhrí sin, ní mór tuairisciú chuig CnaR faoi na comhpháirtíochtaí sin, faoin bhforbairt a dhéantar orthu agus faoi na torthaí a fhaigheann siad.

Leasú 24

Airteagal 6, An Chomhairle Eorpach um Thaighde

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
4. Ceapfaidh an Coimisiún Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde tar éis do choiste cuardaigh tiomnaithe neamhspleách próiseas earcaíochta trédhearcach a chur i gcrích. Déanfaidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde an próiseas earcaíochta agus an t-iarrthóir a roghnófar a fhormheas. Beidh téarma oifige Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde teoranta do thréimhse 2 bhliain, a bhféadfar síneadh suas le 2 bhliain a chur leis aon uair amháin.	4. Ceapfaidh an Coimisiún***, in éineacht le Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus institiúidí ábhartha eile,*** Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde tar éis do choiste cuardaigh tiomnaithe neamhspleách próiseas earcaíochta trédhearcach a chur i gcrích. Déanfaidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde an próiseas earcaíochta agus an t-iarrthóir a roghnófar a fhormheas. Beidh téarma oifige Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde teoranta do thréimhse 2 bhliain, a bhféadfar síneadh suas le 2 bhliain a chur leis aon uair amháin.

Cúis

Is ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach a fhorbraítear an taighde agus an nuálaíocht. Agus Coiste Eorpach na Réigiún nasctha go dlúth leis na héiceachórais nuálaíochta agus cur amach maith a bheith aige orthu, tá údar cuí leis go dtabharfadh CnaR, trí mheán a chomhaltaí, a thuairim faoina rialachas.

Leasú 25

Airteagal 7, Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
9. (c) iii. tuairisciú go rialta chuig an gCoimisiún faoina gníomhaíochtaí féin.	9. (c) iii. tuairisciú go rialta chuig an gCoimisiún ***agus Parlaimint na hEorpa, agus chuig CESE agus CnaR chomh maith,*** faoina gníomhaíochtaí féin.

Cúis

Ar na cúiseanna a thugtar thuas, ní mór tuairisciú chuig CnaR faoi fhorbairt agus torthaí ghníomhaíochtaí Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC).

Leasú 26

Airteagal 9, Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
3. Le cur chun feidhme GMSC, déanfar an méid seo a leanas:	3. Le cur chun feidhme GMSC, déanfar an méid seo a leanas:
(b) sineirgí straitéiseacha a áirithiú leis an gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) ach freisin le hionstraimí de chuid an Aontais lena gcothaítear nuálaíocht, amhail an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) agus na gníomhaíochtaí chun comhtháthú thriantán an eolais — ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, agus gnó — a chothú ar fud an Aontais chomh maith le cláir eile de chuid an Aontais amhail Erasmus+;	(b) sineirgí straitéiseacha a áirithiú leis an gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) ach freisin le hionstraimí de chuid an Aontais lena gcothaítear nuálaíocht, amhail an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) agus na gníomhaíochtaí chun comhtháthú thriantán an eolais — ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, agus gnó — a chothú ar fud an Aontais***, le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach,*** chomh maith le cláir eile de chuid an Aontais amhail Erasmus+;
(c) cothromaíocht oibre is saoil, éagsúlacht ***agus*** cuimsiú a chur chun cinn, lena leagtar síos ardchaighdeáin le haghaidh dálaí oibre ar fud an Limistéir Eorpaigh Taighde.	(c) cothromaíocht oibre is saoil, ***comhionannas inscne,*** éagsúlacht***,*** cuimsiú ***agus cosaint shóisialta leordhóthanach*** a chur chun cinn, lena leagtar síos ardchaighdeáin le haghaidh dálaí oibre ar fud an Limistéir Eorpaigh Taighde.

Cúis

Forbraíonn na cathracha agus na réigiúin cláir mheantóireachta go minic chun tacú leo siúd a n-éiríonn leo maoiniú a bhaint amach faoi chlár ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC) agus séala barr feabhais a fháil. Ar an gcaoi sin, tacaíonn siad leis an méid is féidir leis an Eoraip a thairiscint chun tacú le lucht an taighde.

Leasú 27

Airteagal 10, An tAirmheán Comhpháirteach Taighde

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
1. Beidh gníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) comhlántach le gníomhaíochtaí indíreacha lena dtacaítear le cuspóirí beartais níos fadtéarmaí. Chun an méid sin a bhaint amach, oibríonn JRC le páirtithe leasmhara idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear trí chomhaontuithe comhair eolaíochta.	1. Beidh gníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) comhlántach le gníomhaíochtaí indíreacha lena dtacaítear le cuspóirí beartais níos fadtéarmaí. Chun an méid sin a bhaint amach, oibríonn JRC le páirtithe leasmhara idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear trí chomhaontuithe comhair eolaíochta.
Maidir le gníomhaíochtaí JRC:	Maidir le gníomhaíochtaí JRC:
— beidh siad solúbtha agus freagrúil do riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn.	— beidh siad solúbtha agus freagrúil do riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn.
— áiritheofar leo sineirge le hinfheistíochtaí eile de chuid an Aontais.	— áiritheofar leo sineirge le hinfheistíochtaí eile de chuid an Aontais.
— díreoidh siad ar na réimsí seo a leanas:	— díreoidh siad ar na réimsí seo a leanas:
i. tacaíocht eolaíoch agus theicniúil do thosaíochtaí beartais an Aontais, go háirithe na tosaíochtaí sin a shainítear faoi chuimsiú an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas agus na tosaíochtaí sin a shainítear le haghaidh chodanna I, II, III agus IV den chlár Fís Eorpach (ach gan bheith teoranta dóibh);	i. tacaíocht eolaíoch agus theicniúil do thosaíochtaí beartais an Aontais, go háirithe na tosaíochtaí sin a shainítear faoi chuimsiú an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas agus na tosaíochtaí sin a shainítear le haghaidh chodanna I, II, III agus IV den chlár Fís Eorpach (ach gan bheith teoranta dóibh);
ii. comhtháthú eolais agus tionchar beartais;	ii. comhtháthú eolais agus tionchar beartais;
iii. forbairt chríochach agus tacaíocht ó na Ballstáit;	iii. forbairt chríochach***, nuálaíocht áitbhunaithe, lena n-áirítear straitéisí athnuaite um speisialtóireacht chliste (S3/S4)*** agus tacaíocht ó na Ballstáit;
iv. barrfheabhas eolaíochta agus comhar idirnáisiúnta;	iv. barrfheabhas eolaíochta agus comhar idirnáisiúnta;
v. eolaíocht oscailte, comhroinnt eolais agus fothú acmhainneachta.	v. eolaíocht oscailte, comhroinnt eolais agus fothú acmhainneachta ***ar gach leibhéal rialachais agus thar theorainneacha***.

Cúis

Is príomhuirlis iad straitéisí um speisialtóireacht chliste (S3/S4) chun barr feabhais agus nuálaíocht áitiúil agus réigiúnach a chothú. Ní mór do CnaR agus do JRC oibriú i gcomhar le chéile i gcónaí agus cur ar chumas na réigiún a réimse speisialtóireachta a bheachtú tuilleadh.

Leasú 28

Airteagal 11, Taighde comhoibríoch

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
(b) (i)	(b) (i)
cuimsiú sóisialta, claochluithe sóisialta agus eacnamaíocha, sochaithe cuimsitheacha ***agus*** comhtháthú sóisialta a chur chun cinn agus dul i ngleic le neamhionannais chun	cuimsiú sóisialta, claochluithe sóisialta agus eacnamaíocha, sochaithe cuimsitheacha***,*** comhtháthú sóisialta ***agus comhionannas inscne*** a chur chun cinn agus dul i ngleic le

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
deiseanna a chruthú do chách, agus sainiúlachtaí na gceantar tuaithe á gcur san áireamh, aghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach agus ar chothroime idirghlúine, lena n-áirítear imirce agus soghluaisteacht dhea-bhainistithe, tacú leis an ***meabhairshláinte*** agus le folláine na sochaí, lena n-áirítear do dhaoine óga;	neamhionannais chun deiseanna a chruthú do chách, agus sainiúlachtaí na gceantar tuaithe á gcur san áireamh, aghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach agus ar chothroime idirghlúine, lena n-áirítear imirce agus soghluaisteacht dhea-bhainistithe, tacú leis an ***tsláinte (an mheabhairshláinte san áireamh)*** agus le folláine na sochaí, lena n-áirítear do dhaoine óga;

Cúis

Ní mór an comhionannas inscne a áireamh ar cheann de thosaíochtaí an chláir Fís Eorpach, is é sin agus tacaíocht á tabhairt don lucht taighde den scoth agus a mhéid a bhaineann leis na hábhair taighde a roghnaítear chomh maith céanna. Ina theannta sin, féachtar leis an leasú seo an tagairt don tsláinte a neartú trí chur chuige cuimsitheach, lena n-áirítear an mheabhairshláinte a áireamh go sainráite mar chuid bhunriachtanach den fholláine agus den chomhtháthú sóisialta.

Leasú 29

Airteagal 12, Bord na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
2. Féadfaidh Bord CNE moltaí a sheoladh chuig an gCoimisiún, arna iarraidh sin don Choimisiún, maidir leis an méid seo a leanas: (a) aon ábhar a d'fhéadfadh, ó thaobh na nuálaíochta de, éiceachórais nuálaíochta ar fud an Aontais a fheabhsú, an méid atá bainte amach ag cuspóirí CNE agus an tionchar a bheidh acu agus an acmhainneacht a bheidh ag gnólachtaí nuálacha a réitigh féin a chur i bhfeidhm; (b) i gcomhar le seirbhísí ábhartha eile de chuid an Choimisiúin, le húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha agus eintitis ábhartha eile, bacainní rialála a d'fhéadfadh a bheith roimh fhiontraithe a shainaithint, go háirithe iad siúd a mbronntar tacaíocht orthu faoi CNE; (c) clársceidealú i gcodanna eile den Chlár Sonrach.	2. Féadfaidh Bord CNE moltaí a sheoladh chuig an gCoimisiún, arna iarraidh sin don Choimisiún, maidir leis an méid seo a leanas: (a) aon ábhar a d'fhéadfadh, ó thaobh na nuálaíochta de, éiceachórais nuálaíochta ar fud an Aontais a fheabhsú***, i gcomhréir le straitéisí athnuaite um speisialtóireacht chliste (S3/S4) agus le cuspóirí an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET)***, an méid atá bainte amach ag cuspóirí CNE agus an tionchar a bheidh acu agus an acmhainneacht a bheidh ag gnólachtaí nuálacha a réitigh féin a chur i bhfeidhm; (b) i gcomhar le seirbhísí ábhartha eile de chuid an Choimisiúin, le húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha agus eintitis ábhartha eile, ***CnaR san áireamh,*** bacainní rialála a d'fhéadfadh a bheith roimh fhiontraithe a shainaithint, go háirithe iad siúd a mbronntar tacaíocht orthu faoi CNE; (c) clársceidealú i gcodanna eile den Chlár Sonrach.

Cúis

Agus Coiste Eorpach na Réigiún nasctha go dlúth leis na héiceachórais nuálaíochta agus cur amach maith a bheith aige orthu, tá údar cuí leis go dtabharfadh CnaR, trí mheán a chomhaltaí, a thuairim faoi mholtaí Bhord na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE).

Leasú 30

Airteagal 13, Éiceachórais Nuálaíochta

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Tacófar leis an méid seo a leanas leis an gClár Sonrach:	Tacófar leis an méid seo a leanas leis an gClár Sonrach:
(a) moil nasctha a bhunú ar fud an Aontais agus tacú leo, lena soláthrófar rochtain ar acmhainní, ar sheirbhísí agus ar chomhpháirtithe do nuálaithe, do	(a) moil nasctha a bhunú ar fud an Aontais agus tacú leo, lena soláthrófar rochtain ar acmhainní, ar sheirbhísí agus ar chomhpháirtithe do nuálaithe, do ghnólachtaí

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, lena n-áirítear deiseanna infheistíochta, na chéad cheannaitheoirí taighde agus nuálaíochta agus réitigh nuálacha, corparáidí, saoráidí turgnamhaíochta, bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, tallann fiontraíochta, cóitseáil agus meantóireacht;	nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, lena n-áirítear deiseanna infheistíochta, na chéad cheannaitheoirí taighde agus nuálaíochta agus réitigh nuálacha, corparáidí, saoráidí turgnamhaíochta, bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, tallann fiontraíochta, cóitseáil agus meantóireacht;
(b) gníomhaíochtaí chun éiceachórais nuálaíochta uile-Eorpacha a fhorbairt i bpríomhréimsí téamacha, tacú le forbairt scileanna nuálaíochta agus forbairt fiontar luathchéime, lena gcothaítear comhtháthú thriantán an eolais ***agus an héilics cheathrúil*** — ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, agus gnó ***agus an tsochaí*** — ar fud an Aontais***, agus sna húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chomh maith***;	(b) gníomhaíochtaí chun éiceachórais nuálaíochta uile-Eorpacha a fhorbairt i bpríomhréimsí téamacha, tacú le forbairt scileanna nuálaíochta agus forbairt fiontar luathchéime, lena gcothaítear comhtháthú thriantán an eolais — ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, agus gnó — ar fud an Aontais;
(c) cláir chun tacú le FBManna nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú chun margaí idirnáisiúnta a leathnú agus rochtain a fháil orthu trí staidéir inmharthanachta margaidh, uirlisí nuálaíochta áitbhunaithe, taighde agus nuálaíocht chomhoibríoch, malartú tallainne, meantóireacht shaincheaptha, rochtain ar líonraí infheisteoirí domhanda, treoraíocht rialála, tacaíocht mhargaíochta logánta, agus seirbhísí tuirlingthe boige i spriocthíortha;	(c) cláir chun tacú le FBManna nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú chun margaí idirnáisiúnta a leathnú agus rochtain a fháil orthu trí staidéir inmharthanachta margaidh, uirlisí nuálaíochta áitbhunaithe, taighde agus nuálaíocht chomhoibríoch, malartú tallainne, meantóireacht shaincheaptha, rochtain ar líonraí infheisteoirí domhanda, treoraíocht rialála, tacaíocht mhargaíochta logánta, agus seirbhísí tuirlingthe boige i spriocthíortha***, sin agus trí éiceachórais áitiúla fiontraíochta nuálacha a neartú, lena soláthraítear seirbhísí goir agus luasghéaraithe, rochtain ar mhaoiniú agus naisc le cliaint phoiblí agus phríobháideacha***;
(d) gníomhaíochtaí eile chun tacú le forbairt éiceachóras nuálaíochta agus ***nascachta***, lena n-áirítear staidéir, tagarmharcáil, foghlaim fhrithpháirteach idir gníomhaithe nuálaíochta agus comhordú beartas nuálaíochta.	(d) gníomhaíochtaí eile chun tacú le forbairt éiceachóras nuálaíochta ***trí éiceachórais áitiúla agus réigiúnacha an bhairr feabhais a chruthú i bpríomhréimsí téamacha*** agus ***le forbairt nascachta***, lena n-áirítear staidéir, tagarmharcáil, foghlaim fhrithpháirteach idir gníomhaithe nuálaíochta agus comhordú beartas nuálaíochta***;***
	(e) ionstraimí chun timpeallachtaí turgnamhaíochta san fhíorshaol a chruthú, lena n-áirítear saotharlanna beo uirbeacha, binsí tástála agus boscaí gainimh turgnamhaíochta rialála, d'fhonn laghdú a dhéanamh ar an am a ghlacann sé réitigh nuálacha a chur ar fáil ar an margadh agus glacadh na réiteach sin ag na húdaráis phoiblí, ag gnólachtaí agus ag saoránaigh a éascú.

Cúis

Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, is iomchuí cur chuige éiceachórais an héilics cheathrúil a chur san áireamh ós bealach é leis an tsochaí a chur sa mheá san eolaíocht, sin agus gné réigiúnach agus áitiúil a chur san áireamh agus an clár á chur chun feidhme. Tá ríthábhacht le hionstraimí nuálaíochta oscailte chun an soláthar teicneolaíochta a nascadh leis an bhfíoréileamh, an t-am a ghlacann sé nuálaíochtaí a chur ar an margadh a laghdú agus iomaíochas éiceachórais nuálaíochta na hEorpa a neartú. Má táthar chun aistriú ó chéim an taighde go dtí céim an chur chun feidhme, tá gá le fíorspásanna le haghaidh bailíochtú teicniúil, rialaitheach agus oibríochtúil.

Leasú 31

Airteagal 15, Rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a scaipeadh

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
Leis an gClár Sonrach, tacófar le héiceachóras taighde agus nuálaíochta atá fíor-chomhtháite agus aontaithe san Aontas, agus tabharfar aghaidh go háirithe ar an tríú agus ar an gceathrú réimse tosaíochta den Chomhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht, rud a mhéadóidh rochtain ar bharrfheabhas sa taighde agus sa nuálaíocht ar fud an Aontais agus a thabharfaidh tús áite d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe. Rachfar i ngleic le héagothromaíochtaí idir tíortha ***ceannródaíocha*** agus tíortha nach bhfuil chomh forbartha céanna maidir le feidhmíocht taighde agus nuálaíochta trí ghníomhaíochtaí lena dtógfar bonn láidir eolaíochta agus lena nascfar gníomhaithe agus éiceachórais, agus lena spreagfar athchóirithe beartais struchtúracha ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach a bhfuil sé d'aidhm acu, mar shampla, feabhas a chur ar tharraingteacht gairmeacha taighde, ar idirnáisiúnú, ar éifeachtacht bainistíochta agus rialachais institiúidí taighde agus nuálaíochta nó gníomhaíochtaí a mheaitseáil le tionscnaimh an Aontais.	Leis an gClár Sonrach, tacófar le héiceachóras taighde agus nuálaíochta atá fíor-chomhtháite agus aontaithe san Aontas, agus tabharfar aghaidh go háirithe ar an tríú agus ar an gceathrú réimse tosaíochta den Chomhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht, rud a mhéadóidh rochtain ar bharrfheabhas sa taighde agus sa nuálaíocht ar fud an Aontais agus a thabharfaidh tús áite d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe. Rachfar i ngleic le héagothromaíochtaí idir tíortha ***agus réigiúin cheannródaíocha*** agus tíortha ***agus réigiúin*** nach bhfuil chomh forbartha céanna maidir le feidhmíocht taighde agus nuálaíochta trí ghníomhaíochtaí lena dtógfar bonn láidir eolaíochta agus lena nascfar gníomhaithe agus éiceachórais, agus lena spreagfar athchóirithe beartais struchtúracha ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach a bhfuil sé d'aidhm acu, mar shampla, feabhas a chur ar tharraingteacht gairmeacha taighde, ar idirnáisiúnú, ar éifeachtacht bainistíochta agus rialachais institiúidí taighde agus nuálaíochta nó gníomhaíochtaí a mheaitseáil le tionscnaimh an Aontais. ***Rannchuideoidh gníomhaíochtaí den sórt sin freisin leis an gcomhrac in aghaidh imirce daoine oilte agus le coinneáil agus cúrsaíocht daoine oilte, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha, i réigiúin faoin tuath, i réigiúin iargúlta agus sna réigiúin is forimeallaí.*** ***Sa chomhthéacs sin, tá ról lárnach ag na cathracha agus na réigiúin ós moil iad lena nasctar éiceachórais nuálaíochta, lena ndírítear ar thallann, ar bhonneagar taighde, ar ghnólachtaí nuathionscanta, ar chorparáidí, ar líonraí infheistíochta agus ar sheirbhísí nuálacha tacaíochta fiontraíochta.***

Cúis

Éascaíonn an clár ar an leibhéal náisiúnta an taighde i dtíortha uile na hEorpa. Ag an am céanna, níor cheart a ligean i ndearmad go bhfuil difríochtaí ann idir na réigiúin laistigh de na tíortha aonair. Thairis sin, dá mbeifí in ann an clár a chur chun feidhme ar an leibhéal sin (e.g. tríd an Scórchlár Nuálaíochta Réigiúnaí a úsáid mar thagarmharc), is ea is mó seans go n-éireodh leis.

Leasú 32

Airteagal 16, Bonneagair thaighde

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
2. Díreofar le gníomhaíochtaí bonneagar taighde ar an méid seo a leanas: (a) tírdhreach an Aontais maidir le bonneagar taighde a fhorbairt, a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú, lena n-áirítear comhordú idir an tAontas agus acmhainneachtaí náisiúnta agus rannchuidiú le suas le 20 % de chostais tógála acmhainneachtaí criticiúla nua den chéad scoth; (b) rochtain thrasnáisiúnta ar bhonneagair thaighde ar fud réimsí agus earnálacha a threisiú, agus oiriúnú do phobail úsáideoirí nua atá ag teacht chun cinn; (c) bonneagair thaighde a dhéanamh níos athléimní agus	2. Díreofar le gníomhaíochtaí bonneagar taighde ar an méid seo a leanas: (a) tírdhreach an Aontais maidir le bonneagar taighde a fhorbairt, a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú, lena n-áirítear comhordú idir an tAontas agus acmhainneachtaí náisiúnta ***agus réigiúnacha*** agus rannchuidiú le suas le 20 % de chostais tógála acmhainneachtaí criticiúla nua den chéad scoth***; aithneofar, san am céanna, an ról atá ag críocha áirithe, na réigiúin is forimeallaí ina measc, mar thimpeallachtaí atá an-oiriúnach chun réitigh nuálacha a thástáil, a léiriú, a***

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
níos inbhuanaithe agus cos a choinneáil le dul chun cinn tapa teicneolaíoch; (d) gréasán sonraí taighde inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha, in-athúsáidte (FAIR) agus meaisín-inghníomhaithe a fhorbairt, lena n-áirítear tríd an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte a leathnú agus a chomhdhlúthú mar spás sonraí taighde na hEorpa; (e) an beartas Eorpach maidir le bonneagar taighde agus an comhar idirnáisiúnta a threisiú.	***bhailíochtú agus a fhréamhshamhaltú san fhíorshaol***; (b) rochtain thrasnáisiúnta ar bhonneagair thaighde ar fud réimsí agus earnálacha a threisiú, agus oiriúnú do phobail úsáideoirí nua atá ag teacht chun cinn; (c) bonneagair thaighde a dhéanamh níos athléimní agus níos inbhuanaithe agus cos a choinneáil le dul chun cinn tapa teicneolaíoch; (d) gréasán sonraí taighde inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha, in-athúsáidte (FAIR) agus meaisín-inghníomhaithe a fhorbairt, lena n-áirítear tríd an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte a leathnú agus a chomhdhlúthú mar spás sonraí taighde na hEorpa***, ar mhaithe le húsáid agus luachshocrú sonraí poiblí a áirithiú, lena n-áirítear ó na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus ó chathracha agus rochtain chothrom ag na críocha éagsúla ar na tairbhí a ghabhann leis an mbonneagar sin a áirithiú fud fad an Aontais***; (e) an beartas Eorpach maidir le bonneagar taighde agus an comhar idirnáisiúnta a threisiú.

Cúis

Níor cheart an tsochaí a bheith ina páirtí éighníomhach agus fionnachtana á ndéanamh as torthaí a bhaintear amach i réimse na heolaíochta. Seachas sin, ba cheart di a bheith rannpháirteach go gníomhach sa taighde sin a mbeidh tionchar aige ar mhuintir na hEorpa. Ní hamháin gur cheart bonneagar taighde a cheapadh mar shaoráidí fisiceacha, ach mar éiceachórais chríochacha freisin, lenar féidir dlús a chur le réitigh nuálacha a bhailíochtú agus a thaispeáint. Sa chomhthéacs sin, i ngeall ar dhálaí uathúla sna réigiúin is forimeallaí, tá siad an-oiriúnach mar ionaid tástála i réimsí straitéiseacha amhail an fuinneamh, an t-uisce, an t-oiriúnú don athrú aeráide, an bhithéagsúlacht agus an geilleagar gorm.

Leasú 33

Airteagal 18, Nós imeachta coiste

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
2. Féadfaidh an coiste teacht le chéile sna foirmíochtaí seo a leanas, ag féachaint don ábhar a bheidh le plé:	2. Féadfaidh an coiste***, lena n-áirítear freisin Parlaimint na hEorpa, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún,*** teacht le chéile sna foirmíochtaí seo a leanas, ag féachaint don ábhar a bheidh le plé:
— Foirmíocht ghinearálta: forbhreathnú ar chur chun feidhme an Chláir Shonraigh;	— Foirmíocht ghinearálta: forbhreathnú ar chur chun feidhme an Chláir Shonraigh;
— an Chomhairle Eorpach um Thaighde;	— an Chomhairle Eorpach um Thaighde;
— gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie;	— gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie;
— Dúshláin shochaíocha dhomhanda, Misin Eorpacha, Saoráid Bauhaus Eorpach Nua;	— Dúshláin shochaíocha dhomhanda, Misin Eorpacha, Saoráid Bauhaus Eorpach Nua;
— an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach agus éiceachórais nuálaíochta;	— an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach agus éiceachórais nuálaíochta;

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CnaR
— Bonneagair thaighde agus theicneolaíochta;	— Bonneagair thaighde agus theicneolaíochta;
— Córas taighde agus nuálaíochta na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú agus rannpháirtíocht a leathnú agus barr feabhais a scaipeadh.	— Córas taighde agus nuálaíochta na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú agus rannpháirtíocht a leathnú agus barr feabhais a scaipeadh.

Cúis

Agus CnaR go maith ar an eolas faoin taighde atá ar siúl ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, ba cheart é a bheith páirteach sa choiste sin ar mhaithe leis an saineolas atá aige sa réimse a chur san áireamh.

II. **MOLTAÍ I LEITH NA mBEARTAS**

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

Buiséad cobhsaí uaillmhianach a áirithiú le haghaidh T&N den scoth agus iomaíoch

1. Iarrann CnaR gur leithdháileadh íosta a bheadh sa bhuiséad atá leagtha amach le haghaidh an Chláir Réime chun go bhféadfaí freastal ar na huaillmhianta atá leagtha síos ag an Aontas sa chlár oibre nua um an nuálaíocht, agus, go háirithe, sa straitéis maidir leis an mbonneagar taighde agus teicneolaíochta. Meabhraíonn sé nach mór don Chlár Réime leanúint de bheith ina ionstraim ar leith a chuirfidh le hEoraip atá iomaíoch, inbhuanaithe, cóir agus cuimsitheach go sóisialta, agus a neartóidh iomaíochas, ceannaireacht theicneolaíoch agus uathriail straitéiseach na hEorpa.

2. Iarrann CnaR go ndéanfaí an buiséad a leagan amach ar bhealach a d'fhágfadh go mbeadh sé cobhsaí agus seasmhach i gcoinne géarchéimeanna agus nach mbeadh tionchar ag coigeartuithe a dhéanfaí ar mhaithe le cláir agus tionscnaimh straitéiseacha Eorpacha eile air. Lena chois sin, iarrann sé go mbainfí leas as acmhainní an Chláir Réime chun cur leis an eolaíocht den scoth, an nuálaíocht shuaiteach a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, éiceachóras T&N atá iomaíoch ar bhonn domhanda a neartú. Cuireann sé i bhfáth, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá an buntaighde mar réamhchoinníoll tábhachtach maidir le heochairtheicneolaíochtaí.

3. Meabhraíonn CnaR nach deireadh ná ceann scríbe iad an taighde agus an nuálaíocht, ach nach mór leas a bhaint astu chun feabhas sonrach a chur ar cháilíocht saoil na saoránach, chun an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú, chun tacú le seirbhísí poiblí ardcháilíochta agus chun aghaidh a thabhairt go cothrom ar na mór-aistrithe atá ar siúl, mar atá an t-aistriú glas, an t-aistriú digiteach agus an claochlú déimeagrafach, agus, i gcomhthráth leis sin, nasc níos láidre idir an taighde, an nuálaíocht, an cur in úsáid sa mhargadh agus an tionchar sochaíoch a áirithiú, rud a fhágfaidh go bhféadfar réitigh a scálú go tapa agus cur le slógadh na hinfheistíochta príobháidí agus poiblí.

An Clár Réime a leagan amach ar bhealach níos cuimsithí

4. Is díol sásaimh do CnaR an leagan amach atá beartaithe le haghaidh an Chláir Réime. Tugann sé dá aire, áfach, go bhféadfaí na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí a chomhtháthú ar bhealach níos fearr agus go bhféadfaí aird bhreise a thabhairt ar eolaíocht na saoránach sna colúin agus sna cláir éagsúla. Tar éis an tsaoil, tá tábhacht leo a mhéid a bhaineann le glacadh na nuálaíochta agus le leas a bhaint as acmhainneacht na nuálaíochta chun an tsochaí a chlaochlú agus an daonlathas, an smaointeoireacht chriticiúil, an comhrac i gcoinne na bréagaisnéise agus an teacht aniar atá i sochaithe na hEorpa a neartú.

5. Iarrann CnaR go ndéanfaí an comhionannas inscne a chur san áireamh i ngach gné den Chlár Réime, mar atá an rialachas, socrú tosaíochtaí, an t-ábhar taighde agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht agus na gairmeacha i réimse na heolaíochta, agus tá sé i bhfách le bearta níos láidre a thabhairt isteach chun dul i ngleic le héagothromaíochtaí leanúnacha sa taighde agus sa nuálaíocht.

6. Is oth le CnaR gur cur chuige ar an leibhéal náisiúnta atá á chur chun cinn sa Chlár Réime maidir le cur chun feidhme an chláir shonraigh 'Rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a scaipeadh', ós rud é gur gá an bhearna nuálaíochta atá san Aontas a dhúnadh ar leibhéal na n-éiceachóras nuálaíochta, arb éiceachórais réigiúnacha agus áitiúla iad den chuid is mó.

7. Is díol sásaimh do CnaR go mbeidh an taighde i réimse na sláinte ina thosaíocht théamach sa Chlár Réime, ach iarrann sé go ndéanfar an taighde sa réimse sin, go háirithe maidir leis an tsláinte phoiblí, a neadú ní hamháin i réimse an iomaíochais, ach i réimse na 'sochaí' freisin.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, molann CnaR go gcuirfí an Scórchlár Nuálaíochta Réigiúnaí san áireamh chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme le rannpháirtíocht ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil a mhéadú, agus riachtanais shonracha agus acmhainneachtaí nuálaíochta na réigiún éagsúil á gcur san áireamh ar bhealach níos fearr.

An Clár Réime a chur chun feidhme le tacaíocht láidir ó na héiceachórais nuálaíochta áitiúla agus réigiúnacha

9. Meabhraíonn CnaR gur as na héiceachórais nuálaíochta réigiúnacha agus áitiúla, arb iad dlúth agus inneach na nuálaíochta san Aontas Eorpach iad, a thiocfaidh na gníomhaithe a bheidh páirteach sa Chlár Réime sna blianta atá romhainn, agus iarrann sé go mbeadh neartú bharr feabhais na n-éiceachóras sin nasctha go dlúth le cur chun feidhme na gcuspóirí straitéiseacha. Tugann sé chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna agus gnólachtaí atá ag méadú, sna héiceachórais nuálaíochta, lena n-iarrtar creataí níos láidre chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh agus chun tacú le cruthú agus méadú gnó.

10. Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn CnaR go bhfuil ról tábhachtach ag na cathracha agus na réigiúin maidir leis an mbarr feabhais eolaíoch agus teicneolaíoch a fhorbairt san Aontas, a bhuí sin leis an mbeartas comhtháthaithe agus rannpháirtíocht na gcathracha agus na réigiún i dtionscadail faoi chláir réime éagsúla, trí dheiseanna maithe a chruthú chun eolas a chur le chéile, taighde a dhéanamh air, é a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, luachshocrú a dhéanamh air agus chun nuálaíocht na todhchaí a fhorbairt le leas na sochaí agus an chomhshaoil.

11. Iarrann CnaR, dá bhrí sin, go mbeadh ról gníomhach ag na cathracha, na réigiúin agus a n-éiceachórais faoi seach i struchtúir rialachais agus cur chun feidhme an Chláir Réime, agus sna scéimeanna uile a chuirfear i bhfeidhm chun na críche sin chun tacú leis na héiceachórais nuálaíochta, mar shampla na moil Eorpacha um ghnólachtaí nuathionscanta agus um ghnólachtaí atá ag méadú.

12. Iarrann CnaR go mbeadh simpliú an Chláir Réime le leas na n-ollscoileanna, na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na n-eagraíochtaí taighde poiblí, na gcóras sláinte, FBManna, na ngnólachtaí nuathionscanta, ghníomhaithe an gheilleagair shóisialta agus na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, go háirithe sna limistéir sin a bhfuil acmhainneacht riaracháin theoranta acu, rud a chabhródh le rochtain níos cothroime ar chistí na hEorpa a áirithiú.

13. Leagann CnaR béim ar na deacrachtaí móra atá ag tairbhithe beaga, go háirithe FBManna nó údaráis phoiblí bheaga, maidir leis na ceanglais agus na foirmiúlachtaí a bhaineann le glaonna ar iarratais a chomhlíonadh. Iarrann sé, i dtaca leis sin, go ndéanfaí cúrsaí a shimpliú a thuilleadh, aird a thabhairt ar na dúshláin atá rompu agus glaonna sonracha a bheadh dírithe go sonrach ar na tairbhithe beaga a thabhairt isteach.

14. Iarrann CnaR go ndéanfaí rannpháirtíocht na gcathracha, na réigiún agus a n-éiceachóras faoi seach a chuimsiú go hiomlán i gClár na nÉiceachóras Nuálaíochta agus sna tionscnaimh a bhfuil dlúthbhaint acu leo, amhail na Gleannta Nuálaíochta Réigiúnacha, d'fhonn na tionscadail den chéad scoth a fhorbairt go comhpháirteach ar mhaithe le héiceachórais nuálaíochta na hEorpa.

15. Iarrann CnaR go dtabharfaí aitheantas níos sainráite don nuálaíocht ar bhonn sochaíoch mar chuid straitéiseach den Chlár Réime, ar comhchéim leis an nuálaíocht theicneolaíoch, go háirithe nuair is féidir leis an nuálaíocht shóisialta na dúshláin a bhaineann leis an mbochtaineacht, leis an aosú, leis an rochtain ar chúram, leis an tithíocht, leis an gcuimsiú, leis an oideachas agus le rannpháirtíocht na saoránach, leis an oiriúnú don athrú aeráide, le hathléimneacht an chomhshaoil agus le húsáid inbhuanaithe acmhainní a fhreagairt ar bhealaí úrnua.

16. Cuireann CnaR i bhfáth go bhfuil an rath a bhíonn ar na misin Eorpacha ag brath ar iad a bheith faoi úinéireacht áitiúil agus réigiúnach, ar ról gníomhach a bheith ag na cathracha agus na réigiúin ina struchtúr rialachais, agus ar an gcumas atá iontu na saoránaigh, na seirbhísí poiblí, na hollscoileanna, na gnólachtaí agus an tsochaí shibhialta a shlógadh ar mhaithe le cuspóirí sonracha intomhaiste.

17. Iarrann CnaR go neartófaí misin an Aontais chun go mbainfidís leibhéal uaillmhéine ardréime amach, trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí ceannródaíocha, infheistíochtaí comhordaithe agus nuálaíocht shistéamach chun aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin shochaíocha agus ar bhearnaí iomaíochais na hEorpa.

Cur chun feidhme an Chláir Réime a nascadh le cur chun feidhme na straitéisí um speisialtóireacht chliste

18. Iarrann CnaR go n-aithneofaí ról tionscnaimh agus méadaithe na straitéisí um speisialtóireacht chliste (S3/S4), lenar féidir naisc a dhéanamh leis an gClár Réime trí chomhpháirtíochtaí a chothú idir gníomhaithe atá san éiceachóras nuálaíochta céanna, agus trínar féidir infheistíocht a dhíriú ar na héiceachórais áitiúla agus réigiúnacha sin chun go dtiocfaidh an nuálaíocht den chéad scoth chun cinn.

19. Chun go mbeidh lánéifeacht leis na réigiúin, measann CnaR go gcaithfidh siad an cur chuige sin a ghlacadh a oiread agus is féidir trí chur le leibhéal speisialtóireachta a gcuid straitéisí.

20. Maidir leis an bpointe roimhe seo, molann CnaR go gcuirfí tacaíocht theicniúil ar fáil do na réigiúin chun go n-éireoidh leo.

21. Chun tionchar na straitéisí S3 agus an Chláir Réime a mhéadú ar bhonn frithpháirteach, measann CnaR gur cheart clársceidealú agus cur chun feidhme an Chláir Réime a nascadh ar bhealach ní ba dhlúithe le clársceidealú agus cur chun feidhme na straitéisí S3 a chuirfear i bhfeidhm maidir leis na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí (pleananna CNR) a bheidh ann sna blianta atá amach romhainn. D'fhéadfaí an méid sin a bhaint amach, mar shampla, trí chlársceidealú na nglaonna ar thionscadail a nascadh ar bhealach ní ba dhlúithe le clársceidealú na bpleananna CNR, trí chomhardáin chomhpháirtíochta a chruthú nó trí shaoráidí rannpháirtíochta de chineál *hop-on* a chruthú.

Sineirgí sonracha leanúnacha idir colúin an Chláir Réime agus cistí eile a ghníomhachtú

Nasc níos fearr a chruthú idir colúin an Chláir Réime trí chur chuige 'áitbhunaithe' a chur chun cinn

22. Is díol sásaimh do CnaR na hiarrachtaí a rinneadh chun colúin éagsúla an chláir a nascadh le chéile, mar shampla Aistriú CNE nó Treiseoir Thorthaí an chláir Fís, agus iarrann sé go gcruthófaí meán níos struchtúraithe (amhail 'conair luachshocraithe') trína bhféadfaí rannpháirtíocht na gcathracha agus na réigiún, ina gcáil mar údaráis a bhainistíonn na pleananna CNR, a chur san áireamh, rud a d'éascódh leibhéal ullmhachta na dtionscadal maoinithe a ardú ó Cholún 1 go Colún 3.

23. Molann CnaR go ndéanfaí rannpháirtíocht na gcathracha agus na réigiún i gcur chun feidhme na bpleananna CNR a chomhtháthú go hiomlán sa 'turas infheistíochta' inmhianaithe trí chláir éagsúla an Aontais, i gcaoi is go gcuirfear tacaíocht chomhpháirteach ar fáil do thionscadail arna maoiniú as na pleananna sin nó as an gClár Réime chun go bhféadfar torthaí na dtionscadal a luachshocrú chun leibhéil níos airde ullmhachta sochaíche nó teicneolaíche a bhaint amach agus cur leis na cuspóirí atá i gcoiteann ag na cláir sin.

Na cathracha, na réigiúin agus a n-éiceachórais nuálaíochta ina nasc tábhachtach chun go n-éireoidh leis na sineirgí leis an gClár Réime

24. Iarrann CnaR go gcuirfí meascán gníomhach de na cistí Eorpacha a thacaíonn leis an taighde agus an nuálaíocht chun feidhme tríd an gClár Réime, chun barr feabhais eolaíoch agus an t-iomaíochas Eorpach a neartú agus chun cuspóirí straitéiseacha an Chláir Réime a bhaint amach. Cuireann CnaR i bhfios go láidir go bhfuil ról straitéiseach thábhachtach ag bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, spásanna sonraí idir-inoibritheacha agus réitigh atá cumasaithe ag an intleacht shaorga a fhad a bhaineann sé le dlús a chur leis an nuálaíocht agus le réitigh scálaithe.

25. Tá CnaR i bhfách le cruthú an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas, ach measann sé go mbraitheann cur chun feidhme an chiste sin ar dhlúthnaisc láidre a bheith aige leis an gClár Réime, go háirithe sa sainmhíniú ar na sásraí a fhágann gur féidir iad a nascadh. A fhad a bhaineann sé le neamhspleáchas an Chláir Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, is gá a áirithiú go mbeidh páirt éifeachtúil ag lucht taighde sa struchtúr rialachais foriomlán, toisc nach iad na hionadaithe náisiúnta agus réigiúnacha ábhartha, agus iadsan amháin, ba cheart a bheith páirteach ann, ach saineolaithe i réimse an taighde freisin.

26. Measann CnaR nach mór cuspóir an iomaíochais Eorpaigh a bheith bord ar bhord le cuspóirí an chomhtháthaithe chríochaigh agus shóisialta, agus gur cheart gach comhchruinniú iomarcach cistiúcháin, bonneagair agus acmhainneachta nuálaíochta a sheachaint i líon beag limistéar a bhfuil ag éirí go han-mhaith leo cheana féin.

27. I ndáil leis an méid sin, tuigeann CnaR gur gá tuilleadh sineirgí oibríochtúla a chruthú idir an Clár Réime agus an Ciste Eorpach um Iomaíochas, rud a dtacaíonn sé leis, agus go gcaithfear ról a thabhairt do na cathracha agus na réigiúin sna sineirgí sin mar ghníomhaithe a bhfuil tábhacht leo maidir le hiomaíochas an Aontais a chur ar bun arís. Iarrann sé, ina leith sin, go mbeadh dlúthbhaint ag na cathracha agus na réigiúin le rialachas comhroinnte an Chláir Réime agus an Chiste um Iomaíochas maidir le gach foirm de na sineirgí sin a bheadh ann.

28. Cuireann CnaR i bhfáth nach mór d'infheistíochtaí an Aontais sa taighde agus sa nuálaíocht rannchuidiú leis an aistriú cóir, tacú le poist ardcháilíochta a chruthú, scileanna a fhorbairt, na claochluithe i margadh an tsaothair a thuar agus rochtain chothrom a thabhairt ar na deiseanna a chruthaítear leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach i ngach limistéar.

29. Is díol sásaimh do CnaR go bhfuil sé beartaithe an nasc idir cur chun feidhme na bpleananna CNR a éascú chun go mbeidh na cathracha agus na réigiúin in ann infheistíocht a dhéanamh le chéile i dtionscadail arna gcómhaoiniú as an gClár Réime, agus iarrann sé go mbeadh dlúthbhaint acu le struchtúir chomhairliúcháin na ngeallsealbhóirí, mar shampla Comhairle um Iomaíochas Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch nó Comhairle um Dhúshláin Shochaíocha.

Clár Réime a thacaíonn le Limistéar Eorpach Taighde agus le Stádas Taighdeora Eorpaigh

30. Athdhearbhaíonn CnaR nach mór don Eoraip a bheith in acmhainn timpeallacht oibre shábháilte tharraingteach a chur ar fáil don lucht taighde den chéad scoth san Eoraip agus go gcaithfear oibriú i dtreo an chuspóra sin tríd an gClár Réime. Cuireann sé i bhfáth a thábhachtaí atá an taighde comhoibríoch trasnáisiúnta le haghaidh an Limistéir Eorpaigh Taighde agus meabhraíonn sé, i ndáil leis sin, an ról atá ag an ardoideachas Eorpach agus ag na hollscoileanna Eorpacha sa ghiniúint eolais agus sa luachshocrú eolais. Iarrann sé go gcuirfí an méid sin san áireamh i struchtúr agus i mbuiséad an chláir Fís Eorpach.

31. Iarrann CnaR go gcruthófaí Stádas Taighdeora Eorpaigh chun go bhféadfaidh taighdeoirí leas a bhaint as córas aitheantais idir piaraí chun na malartuithe lena gcomhthaighdeoirí a éascú, agus cóireáil agus tacaíocht shóisialta shábháilte a fháil, gan beann ar an tír ina n-oibríonn siad.

32. Molann sé cur le dinimiceas an Limistéir Eorpaigh Taighde trí ghlaonna oscailte ar thograí a chur san áireamh agus tríd an ngné ón mbun aníos atá sa chistiú taighde a neartú ó bhonn. Iarrann sé freisin go ndéanfaí i gcodanna den chlár na tionscadail a ghrúpáil i bpunanna i gcomhréir le cur chuige na Gníomhaireachta um Thionscadail Ardtaighde (ARPA), rud a d'fhágfadh go mbeadh na bainisteoirí clár in ann tacaíocht ní ba theicniúla a thabhairt agus go mbainfí úsáid ní b'éifeachtúla as torthaí an taighde.

33. Measann CnaR go bhfágfadh aitheantas den sórt sin, trí stádas ar leith a bhronnadh, go bhféadfaí bac a chur ar an imirce daoine oilte agus taighdeoirí idirnáisiúnta a mhealladh tríd an gclár *Choose Europe* a thabhairt chun críche.

34. Meabhraíonn CnaR go gcaithfear dul i ngleic le himirce daoine oilte agus cúrsaíocht daoine oilte laistigh den Aontas a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thacaíocht bhreise a thabhairt do na réigiúin a bhfuil orthu déileáil le caillteanas fadtéarmach acmhainní taighde, nuálaíochta agus scileanna, le nach ndéanfar an barr feabhais a chomhchruinniú i líon beag limistéar.

35. Cuireann CnaR i bhfáth go bhfuil an taighde agus an nuálaíocht san Eoraip thar a bheith tábhachtach ar an leibhéal domhanda i réimsí na hinbhuanaitheachta, an gheilleagair chiorclaigh agus an oiriúnaithe don athrú aeráide. Iarrann sé, dá bhrí sin, go mbeadh na réimsí sin ina gcuid lárnach den tréimhse chistiúcháin atá romhainn, d'fhonn, i measc rudaí eile, cur le tarraingteacht an Aontais mar cheann scríbe do thaighdeoirí ceannródaíocha as gach cearn den domhan.

An Bhruiséil, an 7 Bealtaine 2026.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Kata TÜTTŐ